



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

21 Nollaig 2023 *

Clár

I.	Creat dlíthiúil	6
	A. Reachtanna FIFA	6
	B. Na Rialacha maidir le Cluichí Idirnáisiúnta FIFA	8
	C. Airteagail Chomhlachais UEFA	9
II.	Fíricí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh	11
	A. Tionscadal Superleague	11
	B. Na príomhimeachtaí agus na réamhcheisteanna	12
III.	An nós imeachta os comhair na Cúirte	17
IV.	Inghlacthacht	18
	A. Na coinníollacha nós imeachta chun an t-ordú tagartha a ghlacadh	19
	B. Inneachar an ordaithe tagartha	19
	C. Réaltacht na díospóide agus ábharthacht na gceisteanna a tarchuireadh chuig an gCúirt	20
V.	Na ceisteanna a tharchuirtear	21
	A. Réamhbharúlacha	22
	1. Ábhar na bpríomhimeachtaí	22
	2. Infheidhmeacht dhlí an Aontais Eorpaigh maidir leis an spórt agus maidir le gníomhaíocht na gcomhlachas spóirt	23
	3. Airteagal 165 CFAE	25

* Bunteanga: an Spáinnis.

B. An chéad cheist go dtí an cúigiú ceist a bhaineann le rialacha an chomórtais	28
1. An chéad cheist, maidir le léiriú Airteagal 102 CFAE i gcás ina bhfuil rialacha ann a bhaineann le réamhúdarú comórtas sacair idirclub agus rannpháirtíocht clubanna agus lúthchleasaithe sna comórtais sin	30
(a) An coincheap ‘mí-úsáid ceannasachta’	30
(b) An tréithriú gurb ann do mhí-úsáid ceannasachta	31
(c) Rialacha a aicmiú mar mhí-úsáid ceannasachta, ar rialacha iad a bhaineann le comórtais sacair idirclub a údarú roimh ré agus le rannpháirtíocht clubanna agus lúthchleasaithe sna comórtais sin	34
2. An dara ceist, maidir le léiriú Airteagal 101(1) CFAE i gcás ina bhfuil rialacha ann a bhaineann le comórtais sacair idirclub a údarú roimh ré agus le rannpháirtíocht clubanna agus lúthchleasaithe sna comórtais sin	36
(a) Coincheap an iompair a bhfuil ‘cuspóir’ nó ‘éifeacht’ aige chun dochar a dhéanamh don iomaíocht agus an tréithriú gurb ann d’iompar den sórt sin	37
(1) An tréithriú gurb ann d’iompar a bhfuil sé mar ‘chuspóir’ aige an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh	38
(2) An tréithriú gurb ann d’iompar a bhfuil ‘éifeacht’ aige an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh	39
(b) Na rialacha a bhaineann le comórtais sacair idirclub a údarú roimh ré agus rannpháirtíocht clubanna agus lúthchleasaithe sna comórtais sin a aicmiú mar chinneadh ó chomhlachas gnóthas a bhfuil sé mar ‘chuspóir’ acu iomaíocht a shrianadh	40
3. An tríú ceist, maidir le léiriú Airteagal 101(1) agus Airteagal 102 CFAE i gcás iompair arb é atá ann bagairt pionóis a fhorchur ar chlubanna agus ar lúthchleasaithe a ghlacann páirt i gcomórtais neamhúdaraithe	42
4. An cúigiú ceist, maidir leis an bhféidearthacht rialacha a dhlísteanú a bhaineann le réamhúdarú comórtas agus rannpháirtíocht clubanna agus lúthchleasaithe sna comórtais sin	42
(a) An fhéidearthacht iompar sonrach áirithe a mheas mar iompar a thagann lasmuigh d’Airteagal 101(1) agus d’Airteagal 102 CFAE	42
(b) An díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 101(3) CFAE	44
(c) Réasúnú oibiachtúil i bhfianaise Airteagal 102 CFAE	47
5. An ceathrú ceist, a bhaineann le léiriú Airteagail 101 agus 102 CFAE i gcás ina bhfuil rialacha maidir le cearta i gcomórtais spóirt	48
(a) Sealbhú ceart a bhaineann le comórtais spóirt	49
(b) Cearta a shaothrú i gcomórtais spóirt	50

(c) Údar a d'fhéadfadh a bheith ann	52
C. An séú ceist, a bhaineann le saoirse gluaiseachta	55
1. An tsaoirse gluaiseachta ábhartha a shainaithint	55
2. Bacainn a bheith ann ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar	56
3. Údar a d'fhéadfadh a bheith ann	56
Costais	58

(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Margadh inmheánach – Rialacha arna dtabhairt isteach ag comhlachais idirnáisiúnta spóirt – Sacar gairmiúil – Eintitis arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil cumhachtaí rialála, athbhreithnithe, cinnteoireachta agus an chumhacht chun smachtbhannaí a fhorchur – Rialacha maidir le réamhúdarú comórtas, rannpháirtíocht clubanna sacair agus imreoirí sna comórtas sin agus saothrú ceart tráchtála agus meán a bhaineann leis na comórtas sin – Feidhmiú comhthreomhar gníomhaíochtaí eacnamaíocha – Eagrú agus margú comórtas – Saothrú ceart gaolmhar tráchtála agus meán – Airteagal 101(1) CFAE – Cinneadh ó chomhlachas gnóthas a dhéanann dochar don iomaíocht – Coincheapa ‘cuspóir’ agus ‘éifeacht’ frithiomaíoch – Díolúine faoi Airteagal 101(3) CFAE – Coinníollacha – Airteagal 102 CFAE – Mí-úsáid ceannasachta – Fírinniú – Coinníollacha – Airteagal 56 CFAE – Srianta ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar – Fírinniú – Coinníollacha – Dualgas cruthúnais)

I gCás C-333/21,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Juzgado de lo Mercantil de Madrid (Cúirt Tráchtála Maidrid, an Spáinn), trí bhreith an 11 Bealtaine 2021, a fuarthas ag an gCúirt an 27 Bealtaine 2021, sna himeachtaí

European Superleague Company SL,

v

Fédération internationale de football association (FIFA),

Union of European Football Associations (UEFA),

idiragraithe:

A22 Sports Management SL,

Real Federación Española de Fútbol (RFEF),

Liga Nacional de Fútbol Profesional (LNFP),

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, A. Prechal, K. Jürimäe agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dlísheomra, J.-C. Bonichot, M. Safjan, L.S. Rossi, I. Jarukaitis, A. Kumin, N. Jääskinen, N. Wahl, J. Passer (Rapóirtéir) agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: M. Ferreira, Príomhriarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 11 agus an 12 Iúil 2022,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- European Superleague Company SL, ag J.-L. Dupont, avocat, B. Irissarry Robina agus M. Odriozola Alén, abogados,
- Fédération internationale de football association (FIFA), ag J.M. Baño Fos, abogado, M. Hoskins, Abhcóide, agus A. Pascual Morcillo, abogado,
- Union of European Football Associations (UEFA), ag H. Brokelmann, abogado, B. Keane, avocat, S. Love, Abhcóide, D. Slater agus D. Waelbroeck, avocats,
- A22 Sports Management SL, ag L.A. Alonso Díez, F. Giménez-Alvear Gutiérrez-Maturana, F. Irurzun Montoro, abogados, agus M. Sánchez-Puelles González-Carvajal, procurador,
- Real Federación Española de Fútbol (RFEF), ag P. Callol García, abogado, B. González Rivero, procuradora, T. González Cueto agus J. Manzarbeitia Pérez, abogados,
- Liga Nacional de Fútbol Profesional (LNFP), ag D. Crespo Lasso de la Vega, Y. Martínez Mata, M. Pajares Villarroya, J. Ramos Rubio agus S. Rating, abogados,
- Rialtas na Spáinne, ag L. Aguilera Ruiz agus A. Gavela Llopis, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Seice, ag M. Smolek agus J. Vlácil, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Danmhairge, ag J. Farver Kronborg, V. Pasternak Jørgensen, M. Søndahl Wolff agus Y. Thyregod Kollberg, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller, i gcáil Gníomhaire,
- Rialtas na hEastóine, ag N. Grünberg, i gcáil Gníomhaire,
- Éire, ag M. Browne, Príomh-Aturnae Stáit, A. Joyce agus M. Tierney, i gcáil Gníomhairí, le cúnaimh ó S. Brittain, Abhcóide,
- Rialtas na Gréige, ag K. Boskovits, i gcáil Gníomhaire,
- Rialtas na Fraince, ag A.-L. Desjonquères, P. Dodeller, T. Stehelin agus N. Vincent, i gcáil Gníomhairí,

- Rialtas na Cróite, ag G. Vidović Mesarek, i gcáil Gníomhaire,
- Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnaimh ó D. Del Gaizo agus S.L. Vitale, avvocati dello Stato,
- Rialtas na Cipire, ag I. Neophytou, i gcáil Gníomhaire,
- Rialtas na Laitvia, ag J. Davidoviča, K. Pommere agus I. Romanovska, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas Lucsamburg, ag A. Germeaux agus T. Uri, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na hUngáire, ag M.Z. Fehér, E. Gyarmati agus K. Szijjártó, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas Mhálta, ag A. Buhagiar, i gcáil Gníomhaire,
- Rialtas na hOstaire, ag F. Koppensteiner, i gcáil Gníomhaire,
- Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna agus M. Wiącek, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Portaingéile, ag P. Barros da Costa, R. Capaz Coelho agus C. Chambel Alves, i gcáil Gníomhairí, agus le cúnaimh ó J.L. da Cruz Vilaça, advogado,
- Rialtas na Rómáine, ag E. Gane, L. Lițu agus A. Rotăreanu, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Slóivéine, ag A. Dežman Mušič agus N. Pintar Gosenca, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Slóvaice, ag E.V. Drugda agus B. Ricziová, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na Sualainne, ag O. Simonsson, M. Salborn Hodgson agus H. Shev, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na hÍoslainne, ag J.B. Bjarnadóttir, i gcáil Gníomhaire, le cúnaimh ó G. Bergsteinsson, Dlíodóir,
- Rialtas na hIorua, ag F. Bersgø, L.-M. Moen Jünge, O.S. Rathore agus P. Wennerås, i gcáil Gníomhairí,
- an Coimisiún Eorpach, ag S. Baches Opi, M. Mataija, G. Meessen, C. Urraca Caviedes agus H. van Vliet, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 15 Nollaig 2022,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú le léiriú Airteagail 101 agus 102 CFAE, ar thaobh amháin, agus Airteagail 45, 49, 56 agus 63 CFAE, ar an taobh eile.

- 2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir European Superleague Company SL ('ESLC') agus an Fédération internationale de football Association (FIFA) agus Union of European Football Associations (UEFA) maidir le hiarratas ar dhearbhu gur sháraigh FIFA agus UEFA Airteagal 101 agus Airteagal 102 CFAE, ar ordú go gcuirfí deireadh leis na sáruihte sin agus go n-eiseofar urghairí éagsúla i gcoinne na n-eintiteas sin.

I. Creat dlíthiúil

A. Reachtanna FIFA

- 3 Is comhlachas dlí príobháideach é FIFA a bhfuil a cheanncheathrú san Eilvéis. De réir Airteagal 2 dá Reachtanna, in eagrán mhí Mheán Fómhair 2020 dá dtagraíonn an t-ord tagartha ('Reachtanna FIFA'), is é is cuspóir dó, *inter alia*, 'a chomórtais idirnáisiúnta féin a eagrú', 'rialacha agus forálacha a leagan síos lena rialaítear an sacar agus na hábhair lena mbaineann agus a chinntiú go bhforghníomhófar iad', agus 'an sacar a rialú de gach cineál trí aon bheart a ghlacadh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach nó inmholta chun sárú ar reachtanna, rialacha agus chinntí FIFA agus ar rialacha an chluiche a chosc' ar an leibhéal domhanda.
- 4 I gcomhréir le hAirteagail 11 agus 14 de Reachtanna FIFA, féadfaidh aon 'chomhlachas atá freagrach as eagrú agus rialú sacair' i dtír ar leith a bheith ina chomhalta de FIFA ar choinnioll, *inter alia*, go bhfuil sé ina chomhalta cheana féin de cheann de na sé chónaidhm ilchríochacha atá aitheanta ag FIFA agus dá dtagraítear in Airteagal 22 de na Reachtanna sin, lena n-áirítear UEFA, agus go ngeallann sé roimh ré reachtanna, rialacha, treoracha agus cinntí FIFA, *inter alia*, a chomhlíonadh, agus cinn na cónaidhme ilchríochaí ábhartha a bhfuil an comhlachas sin ina bhall de cheana féin. Go praiticiúil, tá níos mó ná 200 cumann sacair náisiúnta ina mbaill de FIFA faoi láthair. Sa cháil sin, ceanglaítear orthu, faoi Airteagail 14 agus 15 de Reachtanna FIFA, *inter alia*, a gcomhaltaí nó a gcleamhnaithe féin a spreagadh chun reachtanna, rialacha, treoracha agus cinntí FIFA a chomhlíonadh, agus a chinntiú go gcomhlíonann gach páirtí leasmhar sa sacar iad, go háirithe na sraitheanna gairmiúla, na clubanna agus na himreoirí.
- 5 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 20 de na Reachtanna sin, dar teideal 'Reacht na gclubanna, na sraitheanna agus grúpaí eile clubanna':
- 'Tá clubanna, sraitheanna nó grúpaí eile clubanna atá cleamhnaithe le comhlachas ball faoi cheannas an chomhlachais sin agus ní mór dóibh a bheith aitheanta aige. Déanfar cumhachtaí, cearta agus oibleagáidí na ngrúpaí sin a leagan síos i reachtanna an chomhlachais baill agus déanfaidh an comhlachas a reachtanna agus a rialacha féin a fhormheas.'
- 6 In Airteagal 22 de na Reachtanna sin, dar teideal 'Cónaidhmeanna', luaitear an méid seo a leanas i míreanna 1 agus 3 de:
- '1. Déantar na comhlachais baill atá mar chuid den mhór-roinn chéanna a ghrúpáil le chéile sna cónaidhmeanna seo a leanas atá aitheanta ag FIFA:

[...]

(c) Union of European Football Associations – UEFA

[...]

Tugann an t-aitheantas a thugann FIFA do gach cónaidhm lán-urraim fhrithpháirteach dá chéile laistigh dá réimse inniúlachta institiúideach mar atá leagtha síos sna Reachtanna seo.

[...]

3. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí seo a leanas ag gach cónaidhm:

- (a) reachtanna, rialacha agus cinní FIFA a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú;
- (b) comhoibriú go dlúth le FIFA i ngach réimse a bhaineann leis an aidhm dá dtagraítear in Airteagal 2 a bhaint amach agus le comórtais idirnáisiúnta a eagrú;
- (c) eagróidh sé a chomórtais idirclub féin, i gcomhréir leis an bhféilire idirnáisiúnta;
- (d) a chomórtais idirnáisiúnta go léir a eagrú i gcomhréir leis an bhféilire idirnáisiúnta;
- (e) a áirithiú nach mbunófar aon sraith idirnáisiúnta nó grúpáil dá shamhail de chlubanna nó de shraitheanna gan a dtoiliú agus gan toiliú FIFA;

[...]

- 7 Faoi Airteagal 24 de Reachtanna FIFA, áirítear ar chomhlachtaí FIFA, *inter alia*, ‘comhlacht reachtach’, ar a dtugtar ‘Comhdháil’, arb éard atá ann an ‘réamhchomhlacht’, ‘comhlacht straitéiseach agus maoirseachta’, ar a dtugtar ‘an Chomhairle’, agus ‘comhlacht feidhmiúcháin, oibríochtúil agus riaracháin’, ar a dtugtar an ‘Ardrúnaíocht’.
- 8 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 67 de na Reachtanna sin, dar teideal ‘Cearta chun comórtas agus imeachtaí’:
 1. Is iad FIFA, a chomhlachais ball agus a chónaidhmeanna, na sealbhóirí bunaidh – gan srian ar ábhar, am, áit ná ceart - ar na cearta uile a d’fhéadfadh teacht as comórtais agus imeachtaí eile laistigh dá ndlínse faoi seach. Áirítear ar na cearta sin cearta maoine de gach cineál, cearta taifeadta, atáirgthe agus craoltóireachta closamhairc, cearta ilmheán, cearta margáíochta agus cur chun cinn, chomh maith le cearta maoine intleachtúla amhail cearta chun comharthaí idirdhealaithe agus cóipcheart ar leith a fháil.
 2. Cinnfidh an Chomhairle cineál saothraithe agus fairsinge úsáid na gceart sin agus leagfaidh sí síos forálacha speisialta chuige sin. Tá sé de shaoirse ag an gComhairle cinneadh a dhéanamh an bhfuil sé ar intinn aici na cearta sin a shaothrú ina haonar nó le tríú páirtithe, nó a saothrú a tharmligean chuig tríú páirtithe.’
- 9 In Airteagal 68 de na Reachtanna sin, dar teideal ‘Údarú craolacháin’, luaitear, i mír 1 de:

‘Is ag FIFA, comhlachais ball agus cónaidhmeanna amháin a bheidh inniúlacht chun craoladh cluichí agus imeachtaí laistigh dá ndlínse a údarú ar, *inter alia*, na meáin chlosamhairc, gan srian ar áit, inneachar, dáta, teicníc ná dlí.’

10 De réir Airteagal 71 de Reachtanna FIFA, dar teideal ‘Iomaíochtaí agus cluichí idirnáisiúnta’:

‘1. Tá an Chomhairle inniúil chun aon rialacha a leagan síos a bhaineann le heagrú comórtas agus cluichí idirnáisiúnta a mbíonn foirne ionadaíocha, sraitheanna, clubanna agus/nó foirne seiftithe páirteach iontu. Ní fhéadfar aon chluiche ná comórtas a dhéanamh gan údarú a fháil roimh ré ó FIFA, ó na cónaidhmeanna agus/nó ón gcomhlachas ball lena mbaineann. Beidh na socruithe faoi rialú ag na rialacha nós imeachta le haghaidh cluichí idirnáisiúnta.

2. Féadfaidh an Chomhairle forálacha a leagan síos maidir leis na cluichí agus na comórtais sin.

3. Cinnfidh an Chomhairle na critéir chun cásanna speisialta nach bhforáiltear dóibh sna Rialacha maidir le Cluichí Idirnáisiúnta a údarú.

4. Cé is moite den údarú dlínse dá bhforáiltear sna Rialacha maidir le Cluichí Idirnáisiúnta, féadfaidh FIFA cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le húdarú aon chluiche idirnáisiúnta nó aon iomaíocht idirnáisiúnta.’

11 In Airteagal 72 de na Reachtanna sin, dar teideal ‘Teagmhálacha’, luaitear, i mír 1 de:

‘Ní fhéadfaidh aon imreoir nó foireann atá cleamhnaithe le comhlachas is ball nó ball de chónaidhm a ligtear isteach go sealadach cluiche a imirt ná aon teagmháil spóirt a bheith acu le haon imreoir nó foireann eile nach bhfuil cleamhnaithe le comhlachas ball ná le ball de chónaidhm a ligeadh isteach go sealadach, gan toiliú FIFA.’

12 Foráiltear le hAirteagal 73 de na Reachtanna sin, dar teideal ‘Údarú’:

‘Aon chomhlachas, sraith nó club a bhaineann le comhlachas ball, ní fhéadfaidh sé páirt a ghlacadh i gcomórtais ar chríoch chomhlachais eile is ball ná páirt a ghlacadh iontu ach amháin in imthosca eisceachtúla. I ngach cás, beidh gá le húdarú ón dá chomhlachas is comhaltaí, ón gcónaidhm nó ó na cónaidhmeanna lena mbaineann agus ó FIFA.’

B. Na Rialacha maidir le Cluichí Idirnáisiúnta FIFA

13 Luaitear in Airteagal 1 de na Rialacha maidir le Cluichí Idirnáisiúnta FIFA, sa leagan atá i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2014, gurb é is cuspóir do na Rialacha sin foráil a dhéanamh maidir le húdaruithe, fógraí agus ceanglais eile is infheidhme maidir le heagrú cluichí nó comórtas idir foirne atá cleamhnaithe le comhlachais sacair náisiúnta éagsúla ar baill iad de FIFA, maidir le heagrú cluichí nó comórtas idir foirne atá cleamhnaithe leis an gcomhlachas náisiúnta céanna nuair a imrítear i dtríú tír iad, agus maidir le heagrú cluichí nó comórtas ina mbeidh gníomhaithe nó foirne nach bhfuil cleamhnaithe le comhlachas náisiúnta rannpháirteach.

14 Faoi Airteagal 2 de na Rialacha sin, tagann gach cluiche idirnáisiúnta agus comórtas idirnáisiúnta, seachas cluichí a imrítear i gcomórtais a eagraíonn FIFA nó ceann de na cónaidhmeanna ilchríochacha atá aitheanta ag FIFA, faoi raon feidhme na Rialacha sin.

15 De réir Airteagal 6 de na Rialacha sin, ní mór do FIFA gach cluiche idirnáisiúnta a údarú, de réir mar a bheidh, ag an gcónaidhm ilchríochach lena mbaineann agus/nó ag na cumainn sacair náisiúnta ar baill iad de FIFA a bhfuil na foirne rannpháirteacha cleamhnaithe leo nó a gcaithfidh na cluichí sin dul san iomaíocht ar a gcríoch.

- 16 I gcomhréir le hAirteagail 7 agus 10 de na Rialacha sin, ní mór aon ‘chluiche idirnáisiúnta den chéad scoth’, a shainmhínítear mar aon chluiche idir an chéad fhoireann ionadaíoch de dhá chumann sacair náisiúnta atá ina gcomhaltaí de FIFA, a bheith údaraithe ag FIFA agus ag an gcónaidhm ilchríochach agus ag na comhlachais náisiúnta lena mbaineann araon. Os a choinne sin, faoi Airteagail 8 agus 11 de na Rialacha maidir le Cluichí Idirnáisiúnta FIFA, ní mór aon ‘chluiche idirnáisiúnta den dara catagóir’, a shainmhínítear mar aon chluiche a bhfuil baint ag an gcéad fhoireann ionadaíoch de chomhlachas náisiúnta aonair leis, foireann eile a dhéanann ionadaíocht ar chomhlachas náisiúnta den sórt sin, foireann comhdhéanta d’imreoirí atá cláraithe le roinnt clubanna den chomhlachas náisiúnta céanna, nó an chéad fhoireann de chlub atá ag feidhmiú sa rannán is fearr de chomhlachas náisiúnta, a bheith údaraithe ach amháin ag cónaidhmeanna ilchríochacha agus ag na comhlachais náisiúnta lena mbaineann.

C. Airteagail Chomhlachais UEFA

- 17 Is comhlachas dlí phríobháidigh é UEFA a bhfuil a cheanncheathrú san Eilvéis.
- 18 Luaitear in Airteagal 2(1) d’airteagail chomhlachais UEFA gurb iad seo a leanas aidhmeanna UEFA:
- (a) aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna uile a bhaineann le sacar na hEorpa;
 - (b) an sacar a chur chun cinn san Eoraip de mheon na síochána, na tuisceana agus cothrom na Féinne, gan aon idirdhealú bunaithe ar an bpolaitíocht, ar ghnéas, ar reiligiún, ar chine ná ar aon chúis eile;
 - (c) faireachán agus rialú a dhéanamh ar fhorbairt an tsacair san Eoraip de gach cineál;
 - (d) comórtais sacair idirnáisiúnta agus comórtais sacair idirnáisiúnta de gach cineál a ullmhú agus a eagrú ar an leibhéal Eorpach [...];
 - (e) modhanna nó cleachtais a chosc ó rialtacht cluichí nó comórtas a chur i mbaol nó a bheith ina gcúis le mí-úsáid sa sacar;
 - (f) caighdeáin eiticiúla agus dea-rialachas sa sacar Eorpach a chur chun cinn agus a chosaint;
 - (g) a áirithiú go mbeidh tús áite i gcónaí ag luachanna spóirt ar leasanna tráchtála;
 - (h) ioncam sacair a athdháileadh i gcomhréir le prionsabal na dlúthpháirtíochta agus tacú le hathinfheistíocht do gach leibhéal agus earnáil sacair, go háirithe sacar bunúsach;
 - (i) aontacht a chur chun cinn i measc a chuid comhlachas ball in ábhair a bhaineann leis an sacar Eorpach agus domhanda;
 - (j) leasanna comhchoiteanna a chomhlachais is comhaltaí a choimirciú;
 - (k) a áirithiú go gcuirfear leasanna gheallsealbhóirí éagsúla an tsacair Eorpaigh (sraitheanna, clubanna, imreoirí, lucht tacaíochta) san áireamh go leordhóthanach;
 - (l) gníomhú mar ghuth ionadaíoch de theaghlach an tsacair Eorpaigh ina iomláine;

- (m) dea-chaidreamh a choinneáil agus comhoibriú le FIFA agus leis na cónaidhmeanna eile arna n-aithint ag FIFA;
- (n) a áirithiú go ngníomhóidh a ionadaithe in FIFA go cothrom agus de mheon na dlúthpháirtíochta Eorpaí;
- (o) réiteach a dhéanamh idir leasanna a chomhlachais is comhaltaí, díospóidí eatarthu a eadráin agus cúnamh a thabhairt dóibh i gcásanna sonracha nuair a iarrtar orthu é sin a dhéanamh.’
- 19 I gcomhréir le hAirteagal 5 de na reachtanna sin, aon chomhlachas a bhunaítear i dtír Eorpach atá aitheanta mar Stát neamhspleách ag tromlach comhaltaí na Náisiún Aontaithe (NA) agus atá freagrach as sacar a eagrú sa tír sin, féadfaidh sé a bheith ina chomhalta de UEFA. Faoi Airteagal 7a de na reachtanna sin, tá oibleagáid ag gabháil leis an stádas sin ar na comhlachais lena mbaineann reachtanna, Rialacháin agus cinntí UEFA a chomhlíonadh agus iad a urramú, sa tír lena mbaineann siad, ag na sraitheanna gairmiúla atá faoina gceannas orthu agus ag clubanna agus imreoirí. Go praiticiúil, tá níos mó ná 50 cumann sacair náisiúnta ina mbaill de UEFA faoi láthair.
- 20 Faoi Airteagail 11 agus 12 de na reachtanna sin, áirítear ar chomhlachtaí UEFA, *inter alia*, ‘fochomhlacht’, ar a dtugtar ‘Comhdháil’, agus ‘Coiste Feidhmiúcháin’.
- 21 Foráiltear le hAirteagal 49 de reachtanna UEFA, dar teideal ‘Iomaíochas’:
- ‘1. Is é UEFA amháin a chinneann comórtais idirnáisiúnta san Eoraip a eagrú agus a dhíothú, comórtais a bhaineann lena gcomhlachais agus/nó lena gclubanna. Ní dhéanann an fhoráil seo difear do chomórtais FIFA.
- [...]
3. Beidh gá le húdarú roimh ré ó FIFA agus/nó UEFA agus/nó ó chomhlachais ball ábhartha, i gcomhréir leis na Rialacha maidir le Cluichí Idirnáisiúnta FIFA agus aon Fhorálacha Forlíontacha Cur Chun Feidhme arna nglacadh ag Coiste Feidhmiúcháin UEFA, i gcás cluichí, comórtais nó comórtais idirnáisiúnta nach bhfuil eagraithe ag UEFA ach a imrítear ar chríoch UEFA.’
- 22 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 51 de na reachtanna sin, dar teideal ‘Caidreamh toirmisce’:
- ‘1. Ní fhéadfar grúpálacha nó comhghuaillíochtaí idir comhlachais ball UEFA nó idir sraitheanna nó clubanna atá cleamhnaithe go díreach nó go hindíreach le comhlachais ball éagsúla UEFA a bhunú gan údarú UEFA.
2. Ní fhéadfaidh baill UEFA ná sraitheanna ná clubanna atá cleamhnaithe leo cluichí a imirt ná a eagrú lasmuigh dá gcríoch féin gan údarú ó na comhlachais ball lena mbaineann.’

II. Fíricí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh

A. Tionscadal Superleague

- 23 Is cuideachta é ESLC atá faoi rialú an dlí phríobháidigh atá bunaithe sa Spáinn. Bunaíodh é ar thionscnamh grúpa clubanna sacair gairmiúla atá bunaithe sa Spáinn (Club Atlético de Madrid, Fútbol Club Barcelona agus Real Madrid Club de Fútbol), san Iodáil (Associazione Calcio Milan, Football Club Internazionale Milano agus Juventus Football Club) agus an Ríocht Aontaithe (Arsenal Football Club, Chelsea Football Club, Liverpool Football Club, Manchester City Football Club, Manchester United Football Club agus Tottenham Hotspur Football Club). De réir an ordaithe tagartha, is é an cuspóir atá leis ná comórtas sacair ghairmiúil idirnáisiúnta nua a bhunú ar a dtugtar ‘Superleague’. Chuige sin, bhunaigh sé nó bhí sé i gceist aige trí chuideachta eile a bhunú a raibh sé mar aidhm acu déileáil, ar an gcéad dul síos, le bainistíocht airgeadais, spóirt agus araíonachta an Superleague nuair a bunaíodh é, an dara ceann, saothrú na gceart meán a bhaineann leis an iomaíocht sin agus, ar an tríú dul síos, saothrú na sócmhainní tráchtála eile a bhaineann leis an iomaíocht sin.
- 24 Is cuideachta é A22 Sports Management SL atá á rialú ag an dlí príobháideach agus a bunaíodh sa Spáinn. Cuireann sé é féin i láthair mar sholáthróir seirbhísí a bhaineann le bunú agus bainistiú comórtas sacair ghairmiúil, agus go háirithe an tionscadal Superleague.
- 25 Maidir le seoladh an tionscadail sin, is léir ón ordú tagartha, ar an gcéad dul síos, go raibh sé beartaithe ag na clubanna sacair ghairmiúil a bhí comhdhéanta de ESLC comórtas nua idirnáisiúnta sacair a chur ar bun lena mbainfidh, ar an gcéad dul síos, 12 go 15 chlub sacair ghairmiúil a bhfuil stádas ‘comhaltaí buana’ acu agus, ar an dara dul síos, líon le sainiú de chlubanna sacair ghairmiúil a bhfuil stádas ‘clubanna cáilithe’ acu agus atá le roghnú i gcomhréir le próiseas sonrath.
- 26 Ina dhiaidh sin, bhí an tionscadal sin bunaithe ar scairshealbhóir agus ar chomhaontú infheistíochta lena bhforáiltear, ar an gcéad dul síos, do shraith conarthaí a thabhairt i gcrích idir gach ceann de na clubanna sacair ghairmiúil a bhí rannpháirteach nó a bhí beartaithe a bheith rannpháirteach sa Superleague leis na trí chuideachta a bunaíodh nó a bhunaigh ESLC, arbh é an cuspóir a bhí leis ná a shonrú, *inter alia*, an bealach a raibh na clubanna sin a gcearta meán nó tráchtála a aistriú chuig ESLC chuig an gcomórtas sin agus an luach saothair as díolachán den sórt sin. Ar an dara dul síos, beartaíodh sraith conarthaí a thabhairt i gcrích idir na trí chuideachta sin, agus é mar aidhm leis sin comhordú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí is gá chun an Superleague a bhainistiú, ar shaothrú na gceart a aistríodh chuig ESLC agus ar leithdháileadh na gcistí atá ar fáil do ESLC ar na clubanna rannpháirteacha. Cuireadh soláthar na gcistí sin ar fáil i litir inar gheall JP Morgan AG ESLC a dheonú, trí iasacht idirlinne de thart ar EUR 4 bhilliún, tacaíocht airgeadais agus deontas bonneagair chun bunú Superleague agus a mhaoiniú sealadach a chumasú, go dtí go n-eagrófaí eisiúint bannaí ar na margáí caipitil.
- 27 Ar deireadh, chuir na Scairshealbhóirí agus an Comhaontú Infheistíochta atá i gceist bunú an Superleague ar fáil agus na cistí is gá chun na críche sin a chur ar fáil faoi réir coinníoll nach mór aitheantas a fháil ó FIFA nó UEFA don iomaíocht idirnáisiúnta sin agus na rialacha arna nglacadh ag an dá eintiteas sin a bheith á gcomhlíonadh aici, nó cosaint dhlíthiúil a dheonú, ag na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha, lena gcumasófar do chlubanna sacair ghairmiúil a bhfuil stádas buanchomhaltaí den chomórtas sin acu a bheith rannpháirteach ann gan dífeáir a

dhéanamh dá mballraíocht ná dá rannpháirtíocht i gcumais sacair náisiúnta, i sraitheanna gairmiúla ná i gcomórtais idirnáisiúnta ina raibh baint acu. Chuige sin, foráladh sa chomhaontú sin, *inter alia*, go gcuirfí tionscadal Superleague ar a shúile do FIFA agus UEFA.

B. Na príomhimeachtaí agus na réamhcheisteanna

- 28 Tionscnaíonn na príomhimeachtaí caingean in ábhair thráchtála, in éineacht le hiarratas ar bhearta cosanta eatramhacha gan éisteacht *inter partes*, a thionscain ESLC os comhair Juzgado de lo Mercantil de Madrid (Cúirt Tráchtála Maidrid, an Spáinn) agus atá dírithe ar FIFA agus UEFA.
- 29 De réir na cúirte a rinne an tarchur, rinneadh an chaingean sin tar éis do ESLC tionscadal Superleague a sheoladh agus chuir FIFA agus UEFA i gcoinne an tionscadail sin.
- 30 I ndáil leis sin, deir an chúirt a rinne an tarchur gur fhógair FIFA agus na sé chónaidhm ilchríochacha a d'aithin FIFA, lena n-áirítear UEFA, an 21 Eanáir 2021, ráiteas inar chuir siad in iúl ar dtús gur dhiúltaigh siad aitheantas a thabhairt don Superleague, ar an dara dul síos, go ndéanfaí aon chlub sacair ghairmiúil agus aon imreoir atá rannpháirteach sa chomórtas idirnáisiúnta sin a eisiáimh ó na cinn a d'eagraigh FIFA agus UEFA agus, ar an tríú dul síos, gur ghá do na heintitis inniúla gach comórtas sacair idirnáisiúnta a eagrú nó a údarú, dá dtagraítear i reachtanna FIFA agus cónaidhmeanna ilchríochacha. Bhí an sliocht seo a leanas go háirithe sa ráiteas sin:
- ‘Tar éis tuairimíochta sna meáin le déanaí maidir le “Super League” Eorpach dúnta a chruthú ag clubanna Eorpacha áirithe, is mian le FIFA agus na sé chónaidhm [...] a rá arís agus béim a leagan gan débhrí nach n-aithneodh FIFA ná an chónaidhm lena mbaineann comórtas den sórt sin. Mar thoradh air sin, shéanfaí an ceart ar aon chlub nó imreoir atá san iomaíocht ina leithéid de chomórtas páirt a ghlacadh in aon chomórtas a eagraíonn FIFA nó a chónaidhm.
- I gcomhréir le reachtanna FIFA agus le reachtanna na gCónaidhmeanna, ní mór don chomhlacht inniúil gach comórtas a eagrú nó a aithint ar a leibhéal faoi seach, ag FIFA ar leibhéal idirnáisiúnta agus ag an gcónaidhm lena mbaineann ar leibhéal ilchríochach.’
- 31 An 18 Aibreán 2021, d’fhoilsigh UEFA, cumainn sacair Shasana, na Spáinne agus na hIodáile agus roinnt de na sraitheanna gairmiúla atá faoina gcúram preaseisiúint freisin, inar luadh, *inter alia*, ‘go gcuirfear toirmeasc ar na clubanna lena mbaineann páirt a ghlacadh in aon chomórtas eile ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal domhanda, agus go bhféadfaí an deis a dhiúltú dá n-imreoirí ionadaíocht a dhéanamh ar a bhfoireann náisiúnta’.
- 32 An 19 agus an 20 Aibreán 2021, chinn an chúirt a rinne an tarchur go raibh caingean ESLC inghlactha agus gur ghlac sí, mar bheart réamhchúraim agus gan éisteacht *inter partes*, sraith urghairí a bhí beartaithe, go bunúsach, chun FIFA, UEFA agus, tríothu, na cumainn sacair náisiúnta atá ina gcomhaltaí díobh a spreagadh chun staonadh, le linn na n-imeachtaí breithiúnacha, ó aon iompar a d’fhéadfadh bunú an Superleague agus rannpháirtíocht clubanna agus imreoirí gairmiúla sacair a chosc nó bac a chur orthu, agus go háirithe ó aon bheart araíonachta, aon phionós nó aon bhagairt go nglacfaí bearta nó smachtbhannaí den sórt sin i gcoinne clubanna nó imreoirí.

- 33 Mar thaca lena hiarraidh ar réamhrialú, tugann an chúirt sin dá haire, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, go leanann sé as cásdlí socair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta nach n-eisiatar gníomhaíocht spóirt ó raon feidhme fhorálacha Chonradh FAE a bhaineann le saoirsí gluaiseachta (breithiúnais an 15 Nollaig 1995, *Bosman*, C-415/93, EU:C:1995:463, agus an 13 Meitheamh 2019, *TopFit agus Biffi*, C-22/18, EU:C:2019:497) agus na rialacha iomaíochta (breithiúnais an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, agus an 26 Eanáir 2005, *Piau v an Coimisiún*, T-193/02, EU:T:2005:22).
- 34 Sa dara háit, measann an chúirt a rinne an tarchur gurb iad an dá ghníomhaíocht eacnamaíochta atá éagsúil ach comhlántach, arb ionann iad agus an margadh ábhartha sa chás seo, ó thaobh an ábhair agus na tíreolaíochta de, ná comórtais idirnáisiúnta sacair idirclub a eagrú agus a mhargú ar chríoch an Aontais Eorpaigh, ar thaobh amháin, agus leas a bhaint as na cearta éagsúla a bhaineann leis na comórtais sin, cibé acu cearta maoinne, cearta taifeadta, atáirgthe agus closamhairc, cearta meán eile, cearta tráchtála nó cearta maoinne intleachtúla ar an taobh eile.
- 35 Sa tríú háit, tá sí den tuairim go bhfuil seasamh monaplachta eacnamaíche agus tráchtála ag FIFA agus UEFA, ar feadh i bhfad, ar an margadh ábhartha, rud a chuireann ar a gcumas iad féin a iompar go neamhspleách ar aon iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann, rud a fhágann gur comhpháirtithe éigeantacha iad d'aon eintiteas atá ag oibriú cheana féin nó ar mian leis dul isteach sa mhargadh sin ar bhonn amháin nó ar bhonn eile agus a chuireann freagracht ar leith orthu as an iomaíocht a chaomhnú.
- 36 I ndáil leis sin, tugann sí faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an ceannasacht atá ag FIFA agus UEFA ag brath ní hamháin ar ghnóthais ar mian leo dul in iomaíocht leo trí chomórtais idirnáisiúnta sacair eile a eagrú ach freisin, trí na cumainn náisiúnta sacair ar baill díobh iad, ar gach imreoir sacair eile, amhail clubanna nó imreoirí sacair ghairmiúil, cás a thug an Chúirt dá haire cheana féin (breithiúnas an 26 Eanáir 2005, *Piau v an Coimisiún*, T-193/02, EU:T:2005:22). Ina dhiaidh sin, luaitear ann go bhfuil ceannasacht FIFA agus UEFA ar an margadh atá i gceist sna príomhimeachtaí bunaithe ní hamháin ar mhonaplacht eacnamaíoch agus tráchtála ach freisin, i ndeireadh na dála, ar chumhachtaí rialála, maoirseachta, cinnteoireachta agus smachtbhannaí a bheith ann a chuireann ar chumas FIFA agus UEFA na dálaí a rialáil, go docht agus go cuimsitheach, faoina bhféadfaidh na gníomhaithe eile go léir atá ar an margadh sin gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh ann. Ar deireadh, luaitear ann go gcruthaíonn an teaghlaim de na heilimintí sin go léir bacainn ar iontráil, sa chleachtas, beagnach dodhéanta d'iomaitheoirí féideartha FIFA agus UEFA. Go háirithe, bíonn orthu aghaidh a thabhairt ar na rialacha maidir le réamhúdarú is infheidhme maidir le heagrú comórtas sacair idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht clubanna agus imreoirí sacair ghairmiúil iontu, chomh maith leis na rialacha maidir leis na cearta éagsúla a bhaineann leis na comórtais sin a leithreasú agus a shaothrú go heisiach.
- 37 Sa cheathrú háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an ionann iompar FIFA agus UEFA, ar dhá bhealach, agus mí-úsáid ceannasachta a thoirmisctear le hAirteagal 102 CFAE.
- 38 Maidir leis an bpointe sin, luaitear ann, ar thaobh amháin, go leanann sé as cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta (breithiúnais an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, míreanna 51 agus 52, agus an 16 Nollaig 2020, *International Skating Union v an Coimisiún*, T-93/18, EU:T:2020:610, mír 70) lena gcuirtear de chúram, le dlí nó le Rialachán, tugann comhlachas spóirt atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch comórtais spóirt a eagrú agus a mhargú an chumhacht chun na gnóthais eile atá údaraithe chun comórtais den sórt sin a chur ar bun go comhthreomhar, *de jure* nó *de facto*, gan an chumhacht sin a bheith faoi réir

teorainneacha, oibleagáidí agus rialú iomchuí, a dheonú don chomhlachas spóirt sin mar bhuntáiste soiléir ar a chuid iomaitheoirí, rud a chuirfidh ar a chumas rochtain ar an margadh a chosc agus buntáiste a thabhairt dá ghníomhaíocht eacnamaíoch féin.

- 39 I bhfianaise an chásdlí sin, measann an chúirt a rinne an tarchur gur féidir a mheas, sa chás seo, go mbaineann FIFA agus UEFA mí-úsáid as a gceannasacht ar an margadh atá i gceist sna príomhimeachtaí. Leis na rialacha a ghlac an dá eintiteas sin, ina gcáil mar chomhlachais agus de bhua na gcumhachtaí rialála agus maoirseachta a thug siad dóibh féin, maidir le húdarú a thabhairt roimh ré do chomórtais sacair idirnáisiúnta, cuirtear ar a gcumas dóibh cosc a chur ar ghnóthais a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht lena chéile ar an margadh sin, go háirithe ós rud é go ndéantar na cumhachtaí sin a chomhcheangal le cumhachtaí cinnteoireachta agus smachtbhannaí a chuireann ar a gcumas iallach a chur ar na cumainn náisiúnta sacair ar baill iad agus ar na himreoirí eile sacair, go háirithe clubanna agus imreoirí sacair ghairmiúil, a monaplacht ar an margadh sin a urramú. Ina theannta sin, ní leagtar síos forálacha i reachtanna FIFA agus UEFA lena n-áirithítear go mbeidh cur chun feidhme na rialacha réamhúdaraithe sin agus, ar bhonn níos leithne, na cumhachtaí cinnteoireachta agus smachtbhannaí a chomhcheanglaítear leo á dtreorú ag cuspóirí leasa ghinearálta amháin agus ní ag leasanna tráchtála nó airgeadais a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ina mbíonn an dá eintiteas sin ag gabháil go comhthreomhar. Ar deireadh, ní dhéantar na rialacha agus na cumhachtaí sin a theorannú le critéir shubstainteacha agus le rialacha nós imeachta lena bhféadfaí a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach, amhail teorainn a chur le discríd FIFA agus UEFA. Léiríonn na bearta a d'fhógair an dá eintiteas sin sa chás seo, tar éis sheoladh thionscadal Superleague, an staid sin.
- 40 Ar an taobh eile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an sáraíonn FIFA agus UEFA freisin Airteagail 101 agus 102 CFAE trí na cearta dlíthiúla agus eacnamaíocha uile a bhaineann le comórtais sacair idirnáisiúnta a eagraítear i gcríoch an Aontais Eorpaigh a leithreasú, trí bhíthin reachta, agus trí shaothrú eisiach na gceart sin a fhorchoimeád dóibh féin. Leis na rialacha a ghlac FIFA i ndáil leis sin, bronnann UEFA agus na cumainn náisiúnta sacair atá ina mbaill de FIFA stádas 'bhunsealbhóirí' na gceart sin air, ar an gcaoi sin na cearta chuige sin a bhaint de chlubanna sacair ghairmiúil a ghlacann páirt i gcomórtais den sórt sin nó a chuireann oibleagáid orthu iad a aistriú chuig an dá eintiteas sin. Ina theannta sin, comhcheanglaítear na rialacha sin leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus, ar bhonn níos leithne, leis na cumhachtaí rialála, maoirseachta, cinnteoireachta agus smachtbhannaí atá ag FIFA agus UEFA chun an margadh ábhartha a dhúnadh do gach gnóthas a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile nó, ar a laghad, chun iad a dhíspreagadh ó dhul isteach sa mhargadh sin, trí theorainn a chur lena gcumas leas a bhaint as na cearta éagsúla a bhaineann leis na comórtais i dtrácht.
- 41 Sa chúigiú háit, tugann an chúirt sin faoi deara go sáraíonn iompar FIFA agus UEFA an toirmeasc ar chomhaontuithe a leagtar síos in Airteagal 101 CFAE freisin.
- 42 Maidir leis sin, áitíonn sí, ar an gcéad dul síos, go léiríonn Airteagail 20, 22, 67, 68 agus 71 go 73 de Reachtanna FIFA, Airteagail 49 agus 51 de Reachtanna UEFA agus na hAirteagail ábhartha de na Rialacha maidir le Cluichí Idirnáisiúnta FIFA an cinneadh, arna ghlacadh ag gach ceann den dá chomhlachas gnóthas sin agus is infheidhme, *inter alia*, i gcríoch an Aontais Eorpaigh, comhordú a dhéanamh, trína chur faoi réir comhrialacha agus coinníollacha áirithe, ar iompar na ngnóthas sin agus ar iompar na ngnóthas ar baill iad go díreach nó go hindíreach díobh ar an margadh chun comórtais sacair idirclub a eagrú agus a mhargú agus chun leas a bhaint as na cearta éagsúla a bhaineann leis na comórtais sin. Beag beann ar na rialacha maidir le réamhúdarú,

cinneadh agus pionóis a leagtar amach sna hAirteagail sin, tá forálacha éagsúla iontu atá ceaptha chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na cumainn náisiúnta sacair iad ar baill iad de FIFA agus UEFA agus clubanna sacair ghairmiúil ar baill iad de na cumainn náisiúnta sin nó atá cleamhnaithe leo.

- 43 Ar an dara dul síos, measann an chúirt a rinne an tarchur go léirítear le scrúdú ar ábhar na rialacha atá i gceist, ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de iad, ar na haidhmeanna a shaothraíonn siad agus, sa chás seo, ar na bearta cur chun feidhme a d'fhógair FIFA agus UEFA an 21 Eanáir agus an 18 Aibreán 2021, go bhféadfadh na rialacha sin srian a chur leis an iomaíocht ar an margadh atá i gceist sna príomhimeachtaí. Ag tagairt di i ndáil leis sin do na tosca uile a luadh cheana ina anailís a bhaineann le hAirteagal 102 CFAE, cuireann sí in iúl, ar bhonn níos ginearálta, go n-eascraíonn fadhb na hiomaíochta a thagann chun cinn i ndáil leis sin, ar deireadh, ón bhfioras gur gnóthais iad FIFA agus UEFA a dhéanann monaplacht ar an margadh chun comórtais idirnáisiúnta sacair idirclub a eagrú agus a mhargú, go háirithe i gcríoch an Aontais Eorpaigh, agus ó shaothrú na gceart éagsúil a bhaineann leis na comórtais sin, agus ó chomhlachais arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil, de bhua a reachtanna féin, cumhachtaí rialála, maoirseachta, cinnteoireachta agus smachtbhannaí acu is infheidhme maidir le gach imreoir eile sacair, bídis ina n-oibreoirí eacnamaíocha nó ina lúthchleasaithe. Ós rud é gur 'reachtóir agus páirtí' iad FIFA agus UEFA, is léir go bhfuil coinbhleacht leasa ann a fhágann go bhfuil siad in ann a gcumhachtaí réamhúdaraithe a úsáid agus pionóis a fhorchur chun cosc a chur ar bhunú comórtas sacair idirnáisiúnta nach bhfuil mar chuid dá gcóras, agus, ar an gcaoi sin, cosc a chur ar aon iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith ar an margadh.
- 44 Sa séú háit agus ar deireadh, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an sáraítear leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus pionóis arna nglacadh ag FIFA agus UEFA agus na bearta a d'fhógair an dá eintiteas sin sa chás seo an 21 Eanáir agus an 18 Aibreán 2021, ag an am céanna, an tsaoirse gluaiseachta d'oibríte atá fostaithe nó a d'fhéadfadh a bheith fostaithe ag clubanna sacair ghairmiúil ar mian leo páirt a ghlacadh i gcomórtais sacair idirnáisiúnta amhail an Superleague, na saoirsí soláthair seirbhísí agus bunaíochta atá ag na clubanna sin agus na gnóthais sin araon a thairgeann seirbhísí eile a bhaineann le heagrú agus margú comórtas den sórt sin, agus an tsaoirse gluaiseachta caipitil is gá chun na comórtais sin a bhunú.
- 45 I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, go háirithe, gur léir ó chásdlí socair na Cúirte nach mór na rialacha maidir le tionscnamh poiblí nó príobháideach lena mbunaítear córas réamhúdaraithe a chosaint ní hamháin ar mhaithe le cuspóir ar mhaithe le leas an phobail ach ní mór prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh freisin, rud a chiallaíonn, go háirithe, nach mór feidhmiú na lánrogha atá ag an gcomhlacht atá inniúil chun údarú den sórt sin a eisiúint a theorannú le critéir thrédhearcacha, oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha (breithiúnas an 22 Eanáir 2002, *Canal Satélite Digital*, C-390/99, EU:C:2002:34, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 46 Sa chás seo, ní chomhlíontar na ceanglais éagsúla sin, mar is léir ó na tosca éagsúla dá dtagraítear san anailís a rinneadh i bhfianaise Airteagail 101 agus 102 CFAE.

47 Sna himthosca sin, chinn Juzgado de lo Mercantil de Madrid (Cúirt Tráchtála Mhaidrid) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

- (1) An bhfuil Airteagal 102 CFAE le léiriú mar thoirmeasc ar mhí-úsáid ceannasachta trína leagann FIFA agus UEFA síos ina reachtanna (go háirithe Airteagail 22 agus 71 go 73 de Reachtanna FIFA agus Airteagail 49 agus 51 d'Airteagail Chomhlachais UEFA, agus in aon Airteagal comhchosúil i reachtanna na gcomhlachas ball agus na sraitheanna náisiúnta) go bhfuil gá le húdarú a fháil roimh ré ó na comhlachtaí sin, a bhfuil inniúlacht eisiach glactha acu comórtais idirnáisiúnta do chlubanna a eagrú nó a údarú san Eoraip, chun go ndéanfadh tríú páirtí comórtas nua do chlubanna Eorpacha, amhail an Superleague, a chruthú, ag féachaint, go háirithe, d'uireasa nós imeachta arna rialú ag critéir oibiachtúla, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha agus don choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ag FIFA agus UEFA?
- 106 Thairis sin, i gcás ina suitear gurb ann do bhacainn ar shaorghluaiseacht d'oibríthe, tá an deis ag an gcomhlachas a ghlac an riail atá i gceist a léiriú go bhfuil údar cuí leis, go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach i bhfianaise cuspóirí áirithe a d'fhéadfaí a mheas mar chuspóirí dlisteanacha (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 1995, *Bosman*, C-415/93, EU:C:1995:463, mír 104), atá ag brath ar ghnéithe sonracha an spóirt lena mbaineann.
- 107 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní mór na ceisteanna a d'ardaigh an chúirt a rinne an tarchur maidir leis na rialacha iomaíochta a scrúdú agus ansin na ceisteanna a bhaineann le saoirse gluaiseachta a scrúdú ina dhiaidh sin.

B. An chéad cheist go dtí an cúigiú ceist a bhaineann le rialacha an chomórtais

- 108 Baineann an chéad dá cheist, go bunúsach, leis an mbealach nach mór rialacha amhail rialacha FIFA agus UEFA, a bhaineann le húdarú a thabhairt roimh ré do chomórtais idirnáisiúnta sacair idirclub agus do rannpháirtíocht na gclubanna sacair ghairmiúil agus na lúthchleasaithe sna comórtais sin, a thuiscint i bhfianaise, ar thaobh amháin, Airteagal 102 CFAE agus, ar an taobh eile, d'Airteagal 101(1) CFAE.
- 109 Baineann an tríú ceist leis an gcaoi nach mór cur chun feidhme fógartha na rialacha sin, i bhfoirm na ndearbhuithe agus dá dtagraítear i míreanna 30 agus 31 thuas, a thuiscint i bhfianaise na nAirteagal sin.
- 110 Baineann an ceathrú ceist, maidir leis an gcaoi a dtuigfear, i bhfianaise na nAirteagal sin, rialacha amhail na cinn arna nglacadh ag FIFA maidir leis na cearta chun leas a bhaint as na comórtais sin.
- 111 Maidir leis an gcúigiú ceist, a ardaítear i gcás nach mór a mheas gurb ionann na rialacha dá dtagraítear sna trí mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo agus mí-úsáid ceannasachta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 102 CFAE nó comhaontú frithiomaíoch a thoirmisctear le hAirteagal 101(1) CFAE, is é is aidhm di cur ar chumas na cúirte a rinne an tarchur a chinneadh an bhféadfar glacadh leis na rialacha sin mar sin féin i bhfianaise chásdlí na Cúirte maidir le hAirteagal 102 CFAE nó faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 101(3) CFAE.
- 112 I bhfianaise raon feidhme na gceisteanna éagsúla sin, tá sé tábhachtach, mar réamhphointe, a mheabhrú, sa chéad áit, go bhfuil Airteagail 101 agus 102 CFAE infheidhme maidir le haon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch agus nach mór, sa chái sin, é a aicmiú mar ghnóthas, beag beann ar a fhoirm dhlíthiúil agus ar an gcaoi a maoinítear é (féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Aibreán 1991, *Höfner agus Elser*, C-41/90, EU:C:1991:161, mír 21; an 11 Nollaig 2007, *ETI agus páirtithe eile*, C-280/06, EU:C:2007:775, mír 38, agus an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, míreanna 20 agus 21).
- 113 Dá bhrí sin, tá feidhm ag na hAirteagail sin, *inter alia*, maidir le heintitis a foirmíodh i bhfoirm comhlachas arb é is cuspóir dóibh, de réir a reachtanna, spórt ar leith a eagrú agus a rialú, a mhéid a dhéanann na heintitis sin gníomhaíocht eacnamaíoch i ndáil leis an spórt sin, trí earraí nó seirbhísí a thairiscint, agus a mhéid nach mór iad a aicmiú, ar an mbonn sin, mar 'ghnóthais' (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, míreanna 22, 23 agus 26).
- 114 Thairis sin, tá Airteagal 101 CFAE infheidhme freisin maidir le heintitis a d'fhéadfaí a aicmiú mar 'chomhlachais gnóthas' cé nach gá gur gnóthais iad féin.
- 115 Sa chás seo, i bhfianaise ábhar an cháis sna príomhimeachtaí agus ráitis na cúirte a rinne an tarchur, ní mór a chinneadh go bhfuil Airteagail 101 agus 102 CFAE infheidhme maidir le FIFA agus UEFA sa mhéid go ndéanann an dá chomhlachas sin gníomhaíocht eacnamaíoch déshaothraithe, mar is léir ó mhíreanna 34, 90 agus 92 den bhreithiúnas seo, maidir le comórtais sacair idirclub a eagrú agus a mhargú ar chríoch an Aontais Eorpaigh agus maidir le leas a bhaint as na cearta éagsúla a bhaineann leis na comórtais sin, agus nach mór iad a aicmiú, ar an mbonn sin, mar 'ghnóthais'. Thairis sin, tá feidhm ag Airteagal 101 CFAE maidir leo ós rud é gurb iad na comhlachais sacair náisiúnta atá ina gcomhaltaí de na comhlachais sin a fhéadfar iad féin a aicmiú mar 'ghnóthais' sa mhéid go ndéanann siad gníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann le comórtais

sacair idirclub a eagrú agus a mhargú ar an leibhéal náisiúnta agus le saothrú na gceart atá nasctha leis na comórtais sin, nó a bhfuil siad féin mar chomhaltaí nó mar eintitis chleamhnaithe acu féin ar féidir iad a aicmiú amhlaidh, amhail clubanna sacair.

- 116 Sa dara háit, murab ionann agus Airteagal 102 CFAE, nach dtagraíonn ach d'iompar aontaobhach gnóthas a bhfuil ceannasacht acu, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, féachtar le hAirteagal 101 CFAE aghaidh a thabhairt ar chineálacha éagsúla iompair arb é an comhar idir roinnt gnóthas is cúis leo go coitianta, eadhon 'comhaontuithe idir gnóthais', 'cleachtais lena mbaineann' agus 'cinntí comhlachas gnóthas', gan a seasamh ar an margadh a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Márta 2000, *Compagnie maritime belge transports agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-395/96 P agus C-396/96 P, EU:C:2000:132, míreanna 34 go 36).
- 117 Sa chás seo, ceanglaítear le cur i bhfeidhm Airteagal 102 CFAE maidir le heintiteas amhail FIFA nó UEFA, i measc coinníollacha eile, a léiriú go bhfuil ceannasacht ag an eintiteas sin ar mhargadh ar leith. Sa chás seo, is léir ó ráitis na cúirte a rinne an tarchur go measann sí go bhfuil ceannasacht ag gach ceann den dá eintiteas sin ar an margadh maidir le comórtais sacair idirclub a eagrú agus a mhargú i gcríoch an Aontais Eorpaigh agus maidir le leas a bhaint as na cearta éagsúla a bhaineann leis na comórtais sin. Dá réir sin, is bunaithe ar an réamhleagan fíorasach agus dlíthiúil sin, nach féidir, ina theannta sin, a dhiúltú ag féachaint, go háirithe, don fhíoras gurb iad FIFA agus UEFA an t-aon chomhlachas a eagraíonn agus a mhargaíonn comórtais den sórt sin ar scála domhanda agus Eorpach, murab ionann agus an staid atá i réim maidir le disciplíní spóirt eile, gurb iomchuí freagra a thabhairt ar cheisteanna na cúirte a rinne an tarchur maidir le léiriú Airteagal 102 CFAE.
- 118 Maidir le hAirteagal 101(1) CFAE, is éard atá i gceist lena chur i bhfeidhm i gcás eintiteas amhail FIFA nó UEFA 'comhaontú', 'cleachtas gaolmhar' nó 'cinneadh ó chomhlachas gnóthas' a bhunú, a d'fhéadfadh a bheith de chineálacha éagsúla agus a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirmeacha éagsúla. Go háirithe, an cinneadh ó chomhlachas arb é atá ann reachtaíocht a ghlacadh nó a chur chun feidhme a dhéanann difear díreach do na coinníollacha faoina bhféadfadh gníomhaíocht eacnamaíoch na ngnóthas atá ina gcomhaltaí go díreach nó go hindíreach den chomhlachas sin a bheith ina 'cinneadh ó chomhlachas gnóthas' de réir bhrí na forála sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Feabhra 2002, *Wouters agus páirtithe eile*, C-309/99, EU:C:2002:98, mír 64, agus an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, míreanna 42 go 45). Sa chás seo, is i bhfianaise cinntí den chineál sin a iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt an léiriú ar Airteagal 101(1) CFAE, eadhon iad siúd a bhaineann, i gcás FIFA agus UEFA, le rialacha a ghlacadh a bhaineann le comórtais sacair idirnáisiúnta idirclub a údarú roimh ré, le rialú rannpháirtíocht na gclubanna sacair ghairmiúil agus na n-imreoirí sna comórtais sin agus leis na pionóis a d'fhéadfaí a fhorchur i gcás nach gcomhlíontar na rialacha sin maidir le réamhúdarú agus réamh-rannpháirtíocht.
- 119 Sa tríú háit agus ar deireadh, a mhéid a bhaineann na ceisteanna a tharchuireann an chúirt a rinne an tarchur le hAirteagal 101 CFAE agus le hAirteagal 102 CFAE araon, ba cheart a mheabhrú go bhféadfadh an t-iompar céanna a bheith ina chúis le sárú ar an gcéad agus ar an dara ceann den dá Airteagal sin, fiú má shaothraíonn siad cuspóirí agus raon feidhme éagsúil. Dá bhrí sin, féadfaidh feidhm a bheith ag na hAirteagail sin go comhuaineach i gcás ina gcomhlíontar a gcoinníollacha cur i bhfeidhm faoi seach (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Aibreán 1989, *Saeed Flugreisen agus Silver Line Reisebüro*, 66/86, EU:C:1989:140, mír 37; an 16 Márta 2000, *Compagnie maritime belge transports agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-395/96 P agus C-396/96 P, EU:C:2000:132, mír 33, agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18,

EU:C:2020:52, mír 146). Ní mór, dá bhrí sin, iad a léiriú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus aird chuí á tabhairt, áfach, ar na gnéithe sonracha a léiríonn gach ceann de na hAirteagail sin.

1. An céad cheist, maidir le léiriú Airteagal 102 CFAE i gcás ina bhfuil rialacha ann a bhaineann le réamhúdarú comórtas sacair idirclub agus rannpháirtíocht clubanna agus lúthchleasaithe sna comórtais sin

- 120 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi go gciallaíonn mí-úsáid ceannasachta gurb é atá i gceist le comhlachais atá freagrach as sacar ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal Eorpach agus a dhéanann ag an am céanna gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla atá nasctha le heagrú comórtas, glacadh agus cur chun feidhme rialacha a fhágann go gcruthóidh tríú gnóthas, laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, iomaíocht sacair nua idirclub faoi réir a réamhúdaraithe, gan teorainn a chur leis an gcumhacht sin le critéir shubstainteacha agus le rialacha nós imeachta a d'fhéadfadh a áirithiú go bhfuil sé trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.
- 121 É sin ráite, mar is léir ó fhoclaíocht na rialacha dá dtagraíonn an cheist sin agus ó na ráitis san ord tagartha atá mar bhonn leis an gceist sin, ní hamháin go mbaineann na rialacha atá i gceist sna príomhimeachtaí le húdarú a thabhairt roimh ré do chomórtais sacair idirnáisiúnta idir clubanna ach freisin leis an bhféidearthacht do chlubanna sacair ghairmiúil agus d'imreoirí páirt a ghlacadh i gcomórtais den sórt sin. Mar is léir ó na ráitis sin freisin, tá ag gabháil le neamhchomhlíonadh na rialacha sin, ina theannta sin, pionóis is infheidhme maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a shárú, pionóis lena n-áirítear, mar a luaitear sa tríú ceist arna tarchur ag an gcúirt a rinne an tarchur agus mar a thug na páirtithe uile sna príomhimeachtaí le fios, clubanna sacair ghairmiúil a eisiamh ó na comórtais uile arna n-eagrú ag FIFA agus UEFA, toirmeasc ar imreoirí atá rannpháirteach i gcomórtais sacair idirclub nó toirmeasc orthu páirt a ghlacadh i gcluichí idir foirne a dhéanann ionadaíocht ar chumainn sacair náisiúnta.
- 122 I bhfianaise na dtosca sin, ní mór a mheas, leis an gcéad cheist dá cuid, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi go gciallaíonn mí-úsáid ceannasachta go bhfuil comhlachais atá freagrach as sacar ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal Eorpach agus a dhéanann ag an am céanna gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla a bhaineann le heagrú comórtas, glacadh agus cur chun feidhme rialacha lena gcuirtear cruthú na n-eagraíochtaí sin faoi réir a n-údaraithe roimh ré, i gcríoch an Aontais Eorpaigh, comórtas nua sacair idirclub le gnóthas tríú páirtí agus lena rialaítear rannpháirtíocht clubanna sacair ghairmiúil agus na himreoirí i gcomórtas den sórt sin, faoi phian smachtbhannaí, gan na cumhachtaí éagsúla sin a theorannú le critéir ábhartha agus le rialacha nós imeachta a d'fhéadfadh a áirithiú go bhfuil sé trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.

(a) An coincheap 'mí-úsáid ceannasachta'

- 123 Dearbhaítear le hAirteagal 102 CFAE nach bhfuil sé ag luí leis an margadh inmheánach agus toirmisctear leis, a mhéid a d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh don trádáil idir Ballstáit, aon mhí-úsáid ag gnóthas amháin nó níos mó ag a bhfuil ceannasacht sa mhargadh inmheánach nó i gcuid shubstaintiúil de.

- 124 Mar is léir ó chásdlí socair na Cúirte, féachann an tAirteagal sin lena áirithiú nach ndéanfar dochar don iomaíocht chun dochair don leas ginearálta, do ghnóthais aonair agus do thomhaltóirí trí phionós a ghearradh ar iompar gnóthas a bhfuil ceannasacht acu, rud a chuireann srian ar an iomaíocht ar thuillteanais agus a d'fhéadfadh díobháil dhíreach a dhéanamh dóibh, nó a choisceann nó a shaobhann an iomaíocht sin agus a d'fhéadfadh díobháil indéach a dhéanamh dóibh dá bhrí sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, míreanna 22 agus 24; an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 20, agus an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, míreanna 41 agus 44).
- 125 Clúdaítear le hiompar den sórt sin aon chleachtas, i margadh ina bhfuil an leibhéal iomaíochta lagaithe cheana féin, go díreach mar thoradh ar ghnóthas amháin nó níos mó a bheith i gceannasacht, lena gcuirtear bac, trí úsáid a bhaint as modhanna atá éagsúil ó na modhanna lena rialaítear iomaíocht ar na tuillteanais idir gnóthais, ar an méid iomaíochta atá ar an margadh a choinneáil ar bun nó ar fhorbairt na hiomaíochta sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Deireadh Fómhair 2010, *Deutsche Telekom v an Coimisiún*, C-280/08 P, EU:C:2010:603, míreanna 174 agus 177; an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 24, agus an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, mír 68).
- 126 Mar sin féin, níl sé i gceist le hAirteagal 102 CFAE cosc a chur ar ghnóthais ceannasacht a bhaint amach, ar a bhfiúntas féin, ar mhargadh amháin nó níos mó ná a áirithiú go bhfanfaidh gnóthais iomaíochta nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna leo siúd a bhfuil seasamh den sórt sin acu ar an margadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 21; an 6 Meán Fómhair 2017, *Intel v an Coimisiún*, C-413/14 P, EU:C:2017:632, mír 133, agus an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, mír 73).
- 127 Os a choinne sin, d'fhéadfadh iomaíocht ar fhiúntas, de réir sainmhínithe, imeacht nó imeallú gnóthas iomaíoch nach bhfuil chomh héifeachtúil sin agus nach bhfuil chomh tarraingteach céanna, dá bhrí sin, do thomhaltóirí ó thaobh, *inter alia*, praghsanna, aschuir, rogha, cáilíochta nó nuálaíochta de (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 22; an 6 Meán Fómhair 2017, *Intel v an Coimisiún*, C-413/14 P, EU:C:2017:632, mír 134, agus an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, mír 45).
- 128 *A fortiori*, cé go gcuireann sé an fhreagracht ar leith ar ghnóthais gan díobháil a dhéanamh, trína n-iompar, d'iomaíocht éifeachtach neamhshaofa sa mhargadh inmheánach, ní dhéantar coir as Airteagal 102 CFAE as ceannasacht a bheith acu ann féin, ach as mí-úsáid an tsuímh sin amháin (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 23, agus an 6 Nollaig 2012, *AstraZeneca v an Coimisiún*, C-457/10 P, EU:C:2012:770, mír 188).

(b) An tréithriú gurb ann do mhí-úsáid ceannasachta

- 129 Chun bheith in ann a mheas, i gcás ar leith, nach mór an t-iompar sin a aicmiú mar 'mhí-úsáid ceannasachta', is gá, mar riail ghinearálta, a léiriú, trí dhul i muinín modhanna atá éagsúil ó na modhanna lena rialaítear iomaíocht ar thuillteanais idir gnóthais, go bhfuil an éifeacht iarbhir nó fhéideartha ag an iompar sin an iomaíocht sin a shrianadh trí ghnóthais iomaíochta atá chomh héifeachtúil céanna a eisiáimh ón margadh nó ó na margaí lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 25), nó trí chosc a

- chur ar a bhforbairt ar na margaí sin, cé gur féidir gurb iad na margaí sin a bheith ina margaí ceannasacha, gaolmhara nó comharsanachta araon, i gcás ina bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeachtaí iarbhír nó féideartha ag an iompar sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Samhain 1996, *Tetra Pak v an Coimisiún*, C-333/94 P, EU:C:1996:436, míreanna 25 go 27; an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, míreanna 84 go 86, agus an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, mír 76).
- 130 Ní mór an léiriú sin, a bhféadfadh úsáid scálaí éagsúla anailíse a bheith i gceist leis de réir an chineáil iompair atá i gceist i gcás ar leith, a dhéanamh mar sin féin, i ngach cás, trí mheasúnú a dhéanamh ar na himthosca fíorasacha ábhartha uile (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Aibreán 2012, *Tomra Systems agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-549/10 P, EU:C:2012:221, mír 18, agus an 19 Eanáir 2023, *Unilever Italia Mkt. Operations*, C-680/20, EU:C:2023:33, mír 40), cibé acu a bhaineann siad leis an iompar sin féin, leis an margadh nó leis na margaí ábhartha nó le feidhmiú na hiomaíochta air. Thairis sin, ní mór don léiriú sin féachaint lena shuíomh, ar bhonn anailís agus fianaise beachta nithiúla, go bhfuil an cumas ag an iompar sin, ar a laghad ar bith, éifeachtaí eisiatacha a bheith aige (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Eanáir 2023, *Unilever Italia Mkt. Operations*, C-680/20, EU:C:2023:33, míreanna 42, 51 agus 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 131 Sa bhreis air sin, ní hamháin go bhféadfaí iompar a bhfuil sé d'éifeacht iarbhír nó fhéideartha aige srian a chur le hiomaíocht ar fhiúntas trí ghnóthais iomaíocha atá chomh héifeachtúil céanna a eisiáimh ón margadh nó na margaí ábhartha a aicmiú mar 'mhí-úsáid ceannasachta', d'fhéadfaí a aicmiú freisin mar 'mhí-úsáid ceannasachta' iompar a léirítear go bhfuil a éifeacht iarbhír nó a éifeacht fhéideartha aige, nó fiú a chuspóir, cosc a chur, ag céim roimhe sin, ar thabhairt isteach bacainní ar iontráil nó ar úsáid beart foriaimh eile nó modhanna eile seachas na modhanna sin lena rialaítear iomaíocht ar na tuillteanais, gnóthais a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht lena chéile fiú mura bhfuil rochtain acu ach ar an margadh nó ar na margaí sin agus, agus an méid sin á dhéanamh, chun cosc a chur ar fhorbairt na hiomaíochta sna margaí sin chun aimhleasa tomhaltóirí, trí theorainn a chur le táirgeadh, forbairt táirgí nó seirbhísí malartacha nó nuálaíocht (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 154 go 157).
- 132 Dá bhrí sin, cé nach bhfuil cosc ar Bhallstát sa cháil sin cearta eisiacha nó cearta speisialta a thabhairt do ghnóthas, le dlí nó le Rialachán, ar mhargadh, níor cheart go mbeadh an cás sin in ann, áfach, a chur ar chumas an ghnóthais sin mí-úsáid a bhaint as an gceannasacht a eascraíonn as sin, mar shampla trí na cearta atá i gceist a fheidhmiú ar bhealach a chuireann cosc ar ghnóthais a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile rochtain a fháil ar an margadh ábhartha nó ar mhargaí gaolmhara nó ar mhargaí comharsanachta (féach, chuige sin, breithiúnais an 10 Nollaig 1991, *Merci convenzionali porto di Genova*, C-179/90, EU:C:1991:464, mír 14, agus an 13 Nollaig 1991, *GB-Inno-BM*, C-18/88, EU:C:1991:474, míreanna 17 go 19 agus 24). Tá feidhm ag ceanglas den sórt sin, *a fortiori*, i gcás ina dtugann cearta den sórt sin an chumhacht don ghnóthas sin a chinneadh an bhfuil gnóthais eile údaraithe chun a ngníomhaíocht eacnamaíoch a shaothrú agus, má údaráítear, cad iad na coinníollacha faoina n-údaráítear iad (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, míreanna 38 agus 51).
- 133 Go deimhin, ní féidir cothabháil nó forbairt neamhshaofa na hiomaíochta sa mhargadh inmheánach a ráthú ach amháin má áirithítear comhdheiseanna idir gnóthais. An chumhacht a thabhairt do ghnóthas a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith ar bun aige cinneadh a dhéanamh, *de jure* nó fiú *de facto*, cé na gnóthais eile atá údaraithe freisin chun an

ghníomhaíocht sin a dhéanamh agus na coinníollacha a leagan síos faoina bhféadfar an ghníomhaíocht sin a fheidhmiú i gcás coinbhleacht leasa agus a thugann buntáiste soiléir di ar a chuid iomaitheoirí, trína chur ar a chumas cosc a chur orthu rochtain a fháil ar an margadh i dtrácht nó tacú lena ghníomhaíocht féin (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Nollaig 1991, *GB-Inno-BM*, C-18/88, EU:C:1991:474, mír 25; an 12 Feabhra 1998, *Raso agus páirtithe eile*, C-163/96-, EU:C:1998:54, míreanna 28 agus 29, agus an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, míreanna 51 agus 52) agus, á dhéanamh sin, cosc a chur ar fhorbairt iomaíochta ar fhiúntas tomhaltóirí, trí theorainn a chur leis an táirgeadh, le forbairt táirgí nó seirbhísí malartacha nó fiú le nuálaíocht.

- 134 Dá bhrí sin, ní mór leithdháileadh ceart eisiach nó speisialta lena dtugtar cumhacht den sórt sin don ghnóthas lena mbaineann, nó staid chomhchosúil ar na margáí ábhartha, a bheith faoi réir teorainneacha, oibleagáidí agus rialaithe a d'fhéadfadh an gnóthas sin mí-úsáid a bhaint as a cheannasacht, ionas nach sárófar, uaidh féin, Airteagal 102 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 106 CFAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, mír 53).
- 135 Go sonrach, i gcás ina bhfuil sé de chumhacht ag an ngnóthas lena mbaineann na coinníollacha a chinneadh faoina bhféadfaidh gnóthais a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile dul isteach sa mhargadh nó cinneadh a dhéanamh ar bhonn cás ar chás i ndáil leis sin, trí chinneadh lena ndeonaítear réamhúdarú nó lena ndiúltaítear réamhúdarú don rochtain sin, ní mór teorainn a chur leis an gcumhacht sin, ionas nach sáróidh sí Airteagal 102 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 106 CFAE, trí chritéir shubstaintiúla thrédhearcacha shoiléire bheachta (féach, de réir analaí, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, míreanna 84 go 86, 90, 91 agus 99), a chuireann cosc ar é a úsáid go treallach. Ní mór na critéir sin a bheith iomchuí chun feidhmiú neamh-idirdhealaitheach na cumhachta sin a áirithiú agus chun rialú éifeachtach a chumasú (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, mír 99).
- 136 Ina theannta sin, ní mór an chumhacht atá i gceist a rialú le rialacha nós imeachta thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha a bhaineann, go háirithe, leis na teorainneacha ama is infheidhme maidir le hiarratas ar réamhúdarú a chur isteach agus maidir le cinneadh a ghlacadh ina leith. I ndáil leis sin, níor cheart go mbeadh na teorainneacha ama a leagtar síos amhlaidh chun aimhleasa gnóthas a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht lena chéile trí chosc a chur orthu rochtain éifeachtach a fháil ar an margadh (féach, de réir analaí, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, míreanna 86 agus 92) agus, ar deireadh thiar, chun táirgeadh, forbairt táirgí nó seirbhísí malartacha agus nuálaíocht a theorannú.
- 137 Tá ceanglais atá combhionann leo siúd a leagtar amach sna trí mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo níos riachtanaí fós i gcás inarb é iompar féinrialaitheach an ghnóthais é, agus ní mar gheall ar leithdháileadh ceart eisiach nó speisialta ag Ballstát go gcuireann gnóthas a bhfuil ceannasacht aige é féin i riocht a bheith in ann gnóthais a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile a chosc ó dhul isteach i margadh ar leith (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Nollaig 1991, *GB-Inno-BM*, C-18/88, EU:C:1991:474, mír 20). D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina bhfuil sé de chumhacht ag an ngnóthas sin rialáil, faireachán agus pionóis a fhorchur lena gcuirtear ar a chumas an rochtain sin a údarú nó a rialú, agus dá bhrí sin modh difriúil ó na modhanna a bhíonn ar fáil do ghnóthais de ghnáth agus a rialaíonn iomaíocht ar na tuillteanais idir na gnóthais sin.

138 Dá bhrí sin, ní mór teorainneacha, oibleagáidí agus rialú a bheith ag gabháil le cumhacht den sórt sin a d'fhéadfadh an riosca mí-úsáide ceannasachta a chosc, ionas nach sárófár Airteagal 102 CFAE.

(c) Rialacha a aicmiú mar mhí-úsáid ceannasachta, ar rialacha iad a bhaineann le comórtais sacair idirclub a údarú roimh ré agus le rannpháirtíocht clubanna agus lúthchleasaithe sna comórtais sin

139 Sa chás seo, is léir ó ráitis na cúirte a rinne an tarchur go ndéanann FIFA agus UEFA araon gníomhaíocht eacnamaíoch chun comórtais sacair idirnáisiúnta a eagrú agus a mhargú agus chun leas a bhaint as na cearta éagsúla a bhaineann leis na comórtais sin. Dá bhrí sin, a mhéid a dhéanann siad amhlaidh, is gnóthais iad an dá chomhlachas. Thairis sin, tá ceannasacht acu araon, nó monaplacht fiú, ar an margadh comhfhreagrach.

140 Ina dhiaidh sin, leanann sé ó na ráitis san ord tagartha go bhfuil na rialacha a bhfuil an chúirt sin ag iarraidh ar an gCúirt ina bhfianaise leagtha amach sna reachtanna arna nglacadh ag FIFA agus UEFA, ina gcáil mar chomhlachais agus de bhua na gcumhachtaí rialála agus maoirseachta a thug siad dá chéile, agus go dtugann siad don dá eintiteas sin ní hamháin an chumhacht chun cruthú agus eagrú, ag gnóthas tríú páirtí, iomaíochta sacair idirclub nua i gcríoch an Aontais Eorpaigh a údarú, ach freisin an chumhacht chun rannpháirtíocht clubanna sacair ghairmiúil agus na himreoirí i gcomórtas den sórt sin a rialáil, ar phian pionóis.

141 Ar deireadh, de réir na ráiteas ón gcúirt a rinne an tarchur, ní dhéantar na cumhachtaí éagsúla sin a theorannú trí chritéir shubstainteacha ná trí rialacha nós imeachta a d'fhéadfadh a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.

142 I ndáil leis sin, leanann sé ón gcásdlí a luaitear i mír 75 den bhreithiúnas seo go bhfuil sé oscailte do chomhlachais atá freagrach as disciplín spóirt, amhail FIFA agus UEFA, rialacha a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, ar rialacha iad a bhaineann ní hamháin, go ginearálta, le heagrú agus le reáchtáil comórtas idirnáisiúnta sa disciplín sin, sa chás seo sacar gairmiúil, ach freisin, go sonrach, lena n-údarú roimh ré agus le rannpháirtíocht clubanna agus imreoirí sacair ghairmiúil iontu.

143 Maidir leis an spórt, a bhfuil tábhacht shuntasach shóisialta agus chultúrtha ag baint leis san Aontas Eorpach (féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Nollaig 1995, *Bosman*, C-415/93, EU:C:1995:463, mír 106, agus an 16 Márta 2010, *Olympique Lyonnais*, C-325/08, EU:C:2010:143, mír 40), ach freisin sna meáin, is saintréith é, *inter alia*, go n-eagraítear go leor comórtas ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon, ina n-iarrtar ar go leor clubanna agus gníomhaithe páirt a ghlacadh ann. Ina theannta sin, is saintréith é, cosúil le spóirt áirithe eile, go bhfuil rannpháirtíocht sna comórtais sin curtha in áirithe d'fhoirne a bhfuil torthaí áirithe spóirt bainte amach acu (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 1995, *Bosman*, C-415/93, EU:C:1995:463, mír 132), iompar na gcomórtas sin bunaithe ar choimhlint na bhfoirne sin agus ar dheireadh a chur leo de réir a chéile. Dá bhrí sin, tá sé bunaithe go bunúsach ar fhiúntas spóirt, nach féidir a ráthú ach amháin má théann na foirne go léir lena mbaineann in iomaíocht faoi choinníollacha aonfhoirmeacha rialála agus teicniúla, lena n-áirithítear leibhéal áirithe comhionannais deiseanna.

144 Leis na gnéithe sonracha éagsúla sin, is féidir a mheas go bhfuil sé dlisteanach eagrú agus seoladh comórtas idirnáisiúnta sacair ghairmiúil a chur faoi réir rialacha comhchoiteanna atá ceaptha aonchineálacht agus comhordú na gcomórtas sin a áirithiú laistigh d'amchlár foriomlán agus, ar

- bhonn níos leithne, comórtais spóirt a reáchtáil a bheidh bunaithe ar chomhdheiseanna agus ar chomhfhiúntas a chur chun cinn go leordhóthanach agus go héifeachtach. Ina theannta sin, tá sé dlisteanach comhlíonadh na rialacha comhchoiteanna sin a áirithiú trí bhíthin rialacha amhail na rialacha sin a chuir FIFA agus UEFA i bhfeidhm maidir leis na comórtais sin a údarú roimh ré agus maidir le rannpháirtíocht clubanna agus imreoirí sna comórtais sin.
- 145 Dá bhrí sin, a mhéid atá na rialacha sin maidir le réamhúdarú agus rannpháirtíocht dlisteanach i gcomhthéacs sonrath an tsacair ghairmiúil agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a eascraíonn as feidhmiú an spóirt sin, ní féidir glacadh na rialacha sin ná a gcur chun feidhme a aicmiú, i bprionsabal ná go ginearálta, mar ‘mhí-úsáid ceannasachta’ (féach, de réir analaí, maidir le srian ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, breithiúnas an 11 Aibreán 2000, *Deliège*, C-51/96-agus C-191/97, EU:C:2000:199, mír 64).
- 146 Is amhlaidh atá maidir le pionóis a fhorchuirtear atá coimhdeach leis na rialacha sin, a mhéid atá pionóis den sórt sin dlisteanach, i bprionsabal, d’fhonn éifeachtacht na rialacha sin a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen v an Coimisiún*, C-519/04 P, EU:C:2006:492, mír 44).
- 147 Ar an taobh eile, níl aon cheann de na gnéithe sonracha a bhaineann le sacar gairmiúil cosúil le rialacha a ghlacadh agus, *a fortiori*, rialacha maidir le réamhúdarú agus rannpháirtíocht a chur chun feidhme, ar gnéithe iad nach bhfuil, i gcoitinne, faoi réir teorainneacha, oibleagáidí agus rialaithe lena bhféadfaí mí-úsáid ceannasachta a chosc, agus, go háirithe, nach rialaítear iad le critéir shubstainteacha ná le rialacha nós imeachta atá in ann a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, beacht agus neamh-idirdhealaitheach, cé go dtugann siad an chumhacht don eintiteas a n-iarrtar orthu iad a chur chun feidhme chun cosc a chur ar aon ghnóthas iomaíoch teacht isteach sa mhargadh. Ní mór a mheas go sáraíonn rialacha den sórt sin Airteagal 102 CFAE, mar a leanas ó mhíreanna 134 go 138 den bhreithiúnas seo.
- 148 Ar an gcaoi chéanna, in éagmais critéir shubstainteacha agus rialacha nós imeachta lena n-áirithítear go bhfuil na pionóis a fhorchuirtear sa bhreis ar na rialacha sin trédhearcach, oibiachtúil, beacht, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach, ní mór a mheas go sáraíonn pionóis den sórt sin, de bharr a gcineáil féin, Airteagal 102 CFAE sa mhéid go bhfuil siad lánroghnach. Fágann cás den sórt sin nach féidir a fhíorú, ar bhealach trédhearcach agus oibiachtúil, an bhfuil údar lena gcur chun feidhme ar bhonn cás ar chás agus an bhfuil sé comhréireach i bhfianaise shaintréithe na hiomaíochta idirnáisiúnta pleanáilte idirclub lena mbaineann.
- 149 I ndáil leis sin, ní bhaineann sé le hábhar nach bhfuil monaplacht dhlíthiúil ag FIFA agus UEFA agus go bhféadfadh gnóthais iomaíocha, go teoiriciúil, comórtais nua a chruthú nach bhfuil faoi réir na rialacha arna nglacadh agus arna gcur i bhfeidhm ag an dá chomhlachas sin. Mar is léir ó ráitis na cúirte a rinne an tarchur, is é ceannasacht FIFA agus UEFA maidir leis an margadh chun comórtais idirnáisiúnta sacair idirclub a eagrú agus a mhargú nach féidir, sa chleachtas, iomaíocht a chruthú, ar bhealach inmharthana, lasmuigh dá n-éiceachóras, i bhfianaise an rialaithe a fheidhmíonn siad, go díreach nó trí na cumainn náisiúnta sacair ar baill díobh iad, ar chlubanna, imreoirí agus cineálacha eile comórtas, amhail iad siúd a eagraítear ar an leibhéal náisiúnta.
- 150 Sa chás seo, áfach, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé na rialacha atá i gceist a aicmiú sna príomhimeachtaí i bhfianaise Airteagal 102 CFAE, tar éis di na seiceálacha breise a dhéanamh a d’fhéadfadh a bheith riachtanach di.

151 I bhfianaise an mhéid sin, ní mór a lua, ionas go dtionólfar go bhfuil na rialacha maidir le húdarú roimh ré do chomórtais spóirt agus maidir le rannpháirtíocht iontu, amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, faoi rialú ag critéir thrédhearcacha, oibiachtúla agus bheachta shubstainteacha agus ag rialacha nós imeachta trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha nach gcuireann cosc ar rochtain éifeachtach ar an margadh, is gá, go háirithe, na critéir agus na rialacha mionsonraithe sin a leagan síos, i bhfoirm inrochtana, sula gcuirfear na rialacha sin chun feidhme. Thairis sin, chun go measfar na critéir agus na rialacha mionsonraithe sin a bheith neamh-idirdhealaitheach, is gá, ag féachaint, *inter alia*, don fhíoras go ndéanann eintitis amhail FIFA agus UEFA iad féin gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla ar an margadh lena mbaineann a rialacha maidir le réamhúdarú agus rannpháirtíocht, nach bhfágann na critéir chéanna agus na rialacha mionsonraithe céanna eagrú agus margú comórtas tríú páirtí ná rannpháirtíocht clubanna agus imreoirí iontu faoi réir ceanglais atá éagsúil ó na ceanglais is infheidhme maidir le comórtais arna n-eagrú agus arna margú ag an eintiteas cinnteoireachta, go bhfuil siad comhionann le chéile nó comhchosúil ach go bhfuil siad dodhéanta nó thar a bheith deacair a chomhlíonadh sa chleachtas ag gnóthas nach bhfuil an stádas céanna aige agus atá ag comhlachas nó nach bhfuil na cumhachtaí céanna aige agus atá ag an eintiteas sin agus, dá bhrí sin, nach ionann é agus cás an eintitis sin. Ar deireadh, ionas nach mbeidh na pionóis a fhorchuirtear sa bhreis ar na rialacha réamhúdaraithe agus rannpháirtíochta amhail na cinn atá i gceist sna príomhimeachtaí lánroghnach, ní mór iad a rialú le critéir nach mór dóibh a bheith trédhearcach, oibiachtúil, beacht agus neamh-idirdhealaitheach, ach a áiritheoidh freisin go gcinnefear na pionóis sin, i ngach cás sonrath, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ag féachaint, *inter alia*, do chineál, fad agus tromchúis an tsáraithe arna bhunú.

152 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go gciallaíonn mí-úsáid ceannasachta gurb é atá i gceist le comhlachais atá freagrach as sacar ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal Eorpach, agus a dhéanann ag an am céanna gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla atá nasctha le heagrú comórtas, glacadh agus cur chun feidhme rialacha a fhágann go bhfuil cruthú, laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, coinníollach ar a réamhúdarú, comórtas nua sacair idirclub ag gnóthas tríú páirtí, a rialaíonn rannpháirtíocht clubanna sacair ghairmiúil agus imreoirí i gcomórtas den sórt sin, ar phian pionóis, gan na cumhachtaí éagsúla sin a theorannú le critéir shubstainteacha agus le rialacha nós imeachta a d'fhéadfadh a áirithiú go bhfuil sé trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.

2. An dara ceist, maidir le léiriú Airteagal 101(1) CFAE i gcás ina bhfuil rialacha ann a bhaineann le comórtais sacair idirclub a údarú roimh ré agus le rannpháirtíocht clubanna agus lúthchleasaithe sna comórtais sin

153 Leis an dara ceist uathí, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 101(1) CFAE le léiriú sa chaoi is go gciallaíonn cinneadh ó chomhlachas gnóthas arb é is cuspóir nó is éifeacht dó iomaíocht a chosc ná glacadh agus cur chun feidhme, go díreach nó trí na comhlachais sacair náisiúnta ar comhaltaí den chomhlachas sin iad, a ghlacadh agus a chur chun feidhme, go díreach nó trí na comhlachais náisiúnta sacair atá ina gcomhaltaí den chomhlachas sin, agus cinneadh ó chomhlachas gnóthas arb é is cuspóir nó éifeacht dó iomaíocht a chosc, rialacha lena gcruthaítear, laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, comórtas nua sacair idirclub ag gnóthas tríú páirtí faoi réir a réamhúdaraithe, gan an chumhacht sin a bheith imscríofa le critéir shubstainteacha agus le rialacha nós imeachta a d'fhéadfadh a áirithiú go bhfuil sé trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.

154 Ós amhlaidh atá, i bhfianaise na ráiteas san ordú tagartha atá mar bhunús leis an gceist sin, agus ar chúiseanna atá comhionann leo siúd a leagtar amach i mír 121 den bhreithiúnas seo, ní mór a chinneadh, leis an gceist sin, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 101(1) CFAE le léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé gurb é cinneadh ó chomhlachas gnóthas arb é is cuspóir dó iomaíocht a chosc é rialacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme, go díreach nó trí na cumainn náisiúnta sacair ar baill den chomhlachas sin iad, lena gcuirtear cruthú na gcomhlachas sin faoi réir a n údaraithe roimh ré, ar chríoch an Aontais Eorpaigh, ar iomaíocht sacair idirclub nua ag gnóthas tríú páirtí agus a rialaíonn rannpháirtíocht clubanna sacair ghairmiúil agus imreoirí i gcomórtas den sórt sin, faoi phian smachtbhannaí, gan na cumhachtaí éagsúla sin a theorannú le critéir shubstainteacha agus le rialacha nós imeachta a d'fhéadfadh a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.

(a) Coincheap an iompair a bhfuil ‘cuspóir’ nó ‘éifeacht’ aige chun dochar a dhéanamh don iomaíocht agus an tréithriú gurb ann d’iompar den sórt sin

155 Ar an gcéad dul síos, dearbhaítear le hAirteagal 101(1) CFAE go bhfuil sé ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus toirmiscear leis gach comhaontú idir gnóthais, gach cinneadh ag comhlachais gnóthas agus cleachtais chomhbheartaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil idir Ballstáit agus arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht iomaíocht sa mhargadh inmheánach a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.

156 Sa chás seo, mar is léir ó fhoclaíocht na ceiste, ní iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt, go bunúsach, ach an bhfuil Airteagal 101(1) CFAE le léiriú sa chaoi is gurb é ‘cuspóir nó éifeacht’ cinntí comhlachas gnóthas amhail iad siúd a chorpraíonn rialacha FIFA agus UEFA dá dtagraítear ann ná ‘cosc’ a chur ar an iomaíocht.

157 Mar sin féin, cuirtear in iúl go soiléir san ordú tarchuir freisin na cúiseanna a thug ar an gcúirt sin an tuairim a ghlacadh go bhféadfadh cinntí na gcomhlachas gnóthas sin difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit.

158 Ar an dara dul síos, ionas gur féidir a mheas, i gcás ar leith, go dtagann comhaontú, cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó cleachtas comhbheartaithe faoin toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE, is gá, i gcomhréir le foclaíocht na forála sin, a léiriú gurb é is cuspóir don iompar sin iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh nó go bhfuil éifeacht den sórt sin ag an iompar sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Meitheamh 1966, *LTM*, 56/65, EU:C:1966:38, leathanach 359, agus an 29 Meitheamh 2023, *Super Bock Bebidas*, C-211/22, EU:C:2023:529, mír 31).

159 Chuige sin, is gá, mar chéad chéim, scrúdú a dhéanamh ar chuspóir an iompair atá i gceist. I gcás ina gcruthófar, tar éis scrúdú den sórt sin, go bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag an iompar sin, ní gá a éifeacht ar iomaíocht a scrúdú. Dá bhrí sin, is i gcás nach féidir a mheas go bhfuil cuspóir frithiomaíoch den sórt sin ag an iompar sin, agus sa chás sin amháin, gur gá, ina dhiaidh sin, an éifeacht sin a scrúdú (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Meitheamh 1966, *LTM*, 56/65, EU:C:1966:38, leathanach 359, agus an 26 Samhain 2015, *Maxima Latvija*, C-345/14, EU:C:2015:784, míreanna 16 agus 17).

160 Tá difríocht idir an scrúdú atá le déanamh ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil cosc, srianadh nó saobhadh iomaíochta mar ‘chuspóir’ nó ‘éifeacht’ ag an iompar i dtrácht, agus gach ceann den dá choincheap sin faoi réir córas dlí agus fianaise ar leith (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 63).

(1) *An tréithriú gurb ann d'iompar a bhfuil sé mar 'chuspóir' aige an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh*

- 161 Mar is léir ó chásdlí socair na Cúirte, mar a achoimríodh, go háirithe, i mbreithiúnas an 23 Eanáir 2018, *F. Hoffmann-La Roche agus páirtithe eile* (C-179/16, EU:C:2018:25, mír 78), agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile* (C-307/18, EU:C:2020:52, mír 67), ní mór an coincheap 'cuspóir' frithiomaíoch a léiriú go docht, cé nach léir ó mhíreanna 158 agus 159 den bhreithiúnas seo, gur eisceacht ón gcoincheap 'éifeacht' fhrithiomaíoch é, mar sin féin.
- 162 Dá bhrí sin, ní mór a thuiscint go dtagraíonn an coincheap sin go heisiach do chineálacha áirithe comhordaithe idir gnóthais lena nochtar leibhéal leordhóthanach díobhála don iomaíocht chun go measfar nach gá scrúdú a dhéanamh ar a n-éifeachtaí. De bharr a gcineáil féin, d'fhéadfaí a mheas go ndéanann cineálacha áirithe comhordaithe idir gnóthais dochar d'fheidhmiú cuí na gnáthiomaíochta (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Meitheamh 1966, *LTM*, 56/65, EU:C:1966:38, leathanach 359; an 23 Eanáir 2018, *F. Hoffmann-La Roche agus páirtithe eile*, C-179/16, EU:C:2018:25, mír 78, agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 67).
- 163 Ar na cineálacha iompair nach mór a mheas mar iompar den sórt sin, áirítear, ar an gcéad dul síos, iompar claonpháirteach áirithe a dhéanann dochar ar leith don iomaíocht, amhail cairtéil chothrománacha as a dtagann socrú praghsanna, teorannú ar an acmhainneacht táirgeachta nó leithdháileadh custaiméirí. D'fhéadfadh na cineálacha iompair sin a bheith ina gcúis le méadú ar phraghsanna nó laghdú ar aschur agus, dá bhrí sin, le soláthar, as a n-eascródh mí-úsáid acmhainní, chun dochair do ghnóthais úsáideoirí agus do thomhaltóirí (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Samhain 2008, *Beef Industry Development Society agus Barry Brothers*, C-209/07, EU:C:2008:643, míreanna 17 agus 33; an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v an Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, mír 51, agus an 16 Iúil 2015, *ING Pensii*, C-172/14, EU:C:2015:484, mír 32).
- 164 Cé nach gá go ndéanfadh siad dochar don iomaíocht, d'fhéadfaí a mheas freisin, i gcásanna áirithe, go bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag cineálacha eile iompair. Tá feidhm aige sin, go háirithe, maidir le cineálacha áirithe comhaontuithe cothrománacha seachas na cinn cairtéal, mar shampla na cinn as a n-eisiatar gnóthais iomaíocha ón margadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 76, 77, 83 go 87 agus 101, agus an 25 Márta 2021, *Lundbeck v an Coimisiún*, C-591/16 P, EU:C:2021:243, míreanna 113 agus 114), nó maidir le cineálacha áirithe cinntí a dhéanann comhlachais gnóthas (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Eanáir 1987, *Verband der Sachversicherer v an Coimisiún*, 45/85, EU:C:1987:34, mír 41).
- 165 Chun a chinneadh, i gcás ar leith, an nochtar le comhaontú, le cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó le cleachtas comhbheartaithe, mar gheall ar a chineál féin, go bhfuil díobháil leordhóthanach á déanamh don iomaíocht mar chuspóir aige iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, is gá scrúdú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar inneachar an chomhaontaithe, an chinnidh nó an chleachtas i dtrácht; ar an dara dul síos, ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de é; agus ar an tríú dul síos, na haidhmeanna atá siad ag iarraidh a bhaint amach (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v an Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, mír 53, agus an 23 Eanáir 2018, *F. Hoffmann-La Roche agus páirtithe eile*, C-179/16, EU:C:2018:25, mír 79).

- 166 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, maidir le comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil an iompair atá i gceist, ní mór cineál na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann agus na fíorchoinníollacha atá ina saintréithe de struchtúr agus d'fheidhmiú na hearnála nó na margaí atá i gceist a chur san áireamh (breithiúnais an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v an Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, mír 53, agus an 23 Eanáir 2018, *F. Hoffmann-La Roche agus páirtithe eile*, C-179/16, EU:C:2018:25, mír 80). Ar an taobh eile, ní gá ar bhealach ar bith scrúdú a dhéanamh, gan trácht ar éifeachtaí an iompair sin ar iomaíocht a léiriú, bíodh siad iarbhir nó féideartha agus diúltach nó dearfach, mar a leanas ón gcásdlí a luaitear i míreanna 158 agus 159 den bhreithiúnas seo.
- 167 Ina dhiaidh sin, maidir leis na haidhmeanna a shaothraítear leis an iompar atá i gceist, is gá na haidhmeanna atá leis an iompar sin a bhaint amach maidir le hiomaíocht a chinneadh. Os a choinne sin, níl an fíoras gur ghníomhaigh na gnóthais lena mbaineann gan rún suibhachtúil an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh agus go raibh cuspóirí dlisteanacha áirithe á saothrú acu cinntitheach chun críocha Airteagal 101(1) CFAE a chur i bhfeidhm (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Aibreán 2006, *General Motors v an Coimisiún*, C-551/03 P, EU:C:2006:229, míreanna 64 agus 77 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 20 Samhain 2008, *Beef Industry Development Society agus Barry Brothers*, C-209/07, EU:C:2008:643, mír 21).
- 168 Ar deireadh, agus na tosca uile dá dtagraítear sna trí mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo á gcur san áireamh, ní mór a léiriú, in aon chás, na cúiseanna beachta a bhaineann leis an iompar atá i gceist chun díobháil leordhóthanach a dhéanamh don iomaíocht, lena dtugtar bonn cirt don chonclúid go bhfuil sé mar chuspóir aige an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v an Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, mír 69).
- (2) *An tréithriú gurb ann d'iompar a bhfuil 'éifeacht' aige an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh*
- 169 Le coincheap an iompair a bhfuil 'éifeacht' fhrithiomaíoch aige, cuimsítear aon iompar nach féidir a mheas go bhfuil 'cuspóir' frithiomaíoch aige, ar choinníoll go léirítear gurb é éifeacht iarbhir nó fhéideartha an iompair sin iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh go suntasach (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Bealtaine 1998, *Deere v an Coimisiún*, C-7/95 P, EU:C:1998:256, mír 77, agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 117).
- 170 Chuige sin, is gá scrúdú a dhéanamh ar an iomaíocht sa chomhthéacs iarbhir ina dtarlódh sí in éagmais an chomhaontaithe, an chinnidh ó chomhlachas gnóthas nó an chleachtais chomhbheartaithe atá i gceist (breithiúnais an 30 Meitheamh 1966, *LTM*, 56/65, EU:C:1966:38, leathanach 360, agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 118), tríd an margadh nó na margaí ar a bhfuil an t-iompar sin beartaithe chun a éifeachtaí a bheith aige a shainiú, agus ansin trí na margaí sin a shaintréithriú, bíodh siad iarbhir nó féideartha. Is éard atá i gceist leis an scrúdú sin féin na cúinsí ábhartha go léir a chur san áireamh.

(b) Na rialacha a bhaineann le comórtais sacair idirclub a údarú roimh ré agus rannpháirtíocht clubanna agus lúthchleasaithe sna comórtais sin a aicmiú mar chinneadh ó chomhlachas gnóthas a bhfuil sé mar ‘chuspóir’ acu iomaíocht a shrianadh

- 171 Sa chás seo, is léir ó na ráitis san ordú tarchuir, ar dtús, go bhfuil rialacha FIFA agus UEFA i bhfianaise na rialacha sin a bhfuil an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh ar an gCúirt an chumhacht a thabhairt don dá eintiteas sin ní hamháin cruthú agus eagrú aon chomórtais sacair ar chríoch an Aontais Eorpaigh a údarú, is é sin le rá, aon chomórtas nua sacair idirclub atá beartaithe ag tríú gnóthas, ach chomh maith leis sin an chumhacht chun rannpháirtíocht clubanna sacair ghairmiúil agus imreoirí i gcomórtas den sórt sin a rialú, faoi réir smachtbhannaí.
- 172 Go sonrach, maidir le hinneachar rialacha FIFA, is léir ó na ráitis san ord tagartha go bhforáiltear leo, ar an gcéad dul síos, nach féidir aon ghrúpa idirnáisiúnta clubanna ná sraitheanna eile a bhunú gan toiliú an eintitis sin agus an chomhlachais náisiúnta sacair ar baill de na clubanna nó na sraitheanna sin. Ar an dara dul síos, ní féidir aon chluiche ná comórtas a dhéanamh gan údarú a fháil roimh ré ó FIFA, UEFA ná ó na cumainn sin. Ar an tríú dul síos, ní féidir le haon imreoir ná foireann atá cleamhnaithe le cumann sacair náisiúnta atá ina bhall de FIFA nó UEFA cluiche a imirt nó teagmháil spóirt a bheith acu le haon imreoir eile nó le foireann neamh-chleamhnaithe, gan toiliú FIFA. Ar an gceathrú dul síos, ní fhéadfaidh cumainn, sraitheanna ná clubanna a bhaineann le cumann náisiúnta sacair atá ina bhall de FIFA dul isteach i gcumann eile nó páirt a ghlacadh i gcomórtais laistigh de dhlínse chríochach an chomhlachais sin ach go heisceachtúil agus le húdarú FIFA, UEFA agus an dá chumann atá i gceist.
- 173 Foráiltear le rialacha UEFA, de réir an ordaithe tagartha, ar an gcéad dul síos, gurb é an t-eintiteas sin amháin a dhéanfaidh cinneadh maidir le comórtais idirnáisiúnta a eagrú agus a dhíothú, laistigh dá dhlínse chríochach, a bhfuil baint acu le cumainn sacair náisiúnta ar comhaltaí iad de UEFA nó de chlubanna atá cleamhnaithe leo, cé is moite de chomórtais arna n-eagrú ag FIFA. Ar an dara dul síos, ní mór údarú a fháil roimh ré ó FIFA, UEFA agus/nó ó na cumainn is comhaltaí lena mbaineann, i gcomhréir leis na Rialacha maidir le Cluichí Idirnáisiúnta FIFA, le haghaidh cluichí, comórtais nó comórtais idirnáisiúnta nach bhfuil eagraithe ag UEFA ach a imrítear laistigh dá dhlínse chríche. Ar an tríú dul síos, ní fhéadfar aon ghrúpáil ná comhghuaillíocht idir sraitheanna nó clubanna atá cleamhnaithe go díreach nó go hindíreach le cumainn sacair náisiúnta éagsúla atá ina mbaill de UEFA a bhunú gan údarú UEFA.
- 174 Thairis sin, ní dhéantar, de réir na cúirte a rinne an tarchur, aon cheann de na cumhachtaí atá ag FIFA agus UEFA dá bhrí sin a theorannú le critéir shubstainteacha nó le rialacha nós imeachta a d’fhéadfaidh a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, amhail iad siúd dá dtagraítear i mír 151 den bhreithiúnas seo.
- 175 Ina dhiaidh sin, leanann sé ó mhíreanna 142 go 149 den bhreithiúnas seo, cé go gceadaíonn cineál sonrach na gcomórtas sacair idirnáisiúnta agus na fíorchoinníollacha a léiríonn struchtúr agus feidhmiú an mhargaidh chun na comórtais sin a eagrú agus a mhargú i gcríoch an Aontais Eorpaigh rialacha maidir le réamhúdarú amhail iad siúd ar meabhraíodh go bhfuil siad dlisteanach, i bprionsabal, ní féidir leis na fachtóirí comhthéacsúla sin, i gcodarsnacht leis sin, an easpa critéar substainteach agus rialacha nós imeachta a dhlísteaí lena bhféadfaí a áirithiú go bhfuil rialacha den sórt sin trédhearcach, oibiachtúil, beacht agus neamh-idirdhealaitheach.
- 176 Ar deireadh, cé go bhféadfaí glacadh na rialacha sin maidir le réamhúdarú a spreagadh trí chuspóirí dlisteanacha áirithe a bhaint amach, amhail a áirithiú go gcomhlíontar prionsabail, luachanna agus rialacha an chluiche is bun leis an sacar gairmiúil, is amhlaidh fós go gcuireann

na rialacha sin faoi réir na gcumhachtaí réamhúdaraithe agus pionóis a fhorchur ar na heintitis a ghlac iad, ina gcáil mar chomhlachais gnóthas, chun aon iomaíocht sacair idirnáisiúnta a eagrú agus a mhargú seachas iad siúd a eagraíonn an dá eintiteas sin go comhthreomhar, i gcomhthéacs gníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú. Agus an méid sin á dhéanamh acu, tugann na rialacha sin an chumhacht do na heintitis sin rochtain aon ghnóthais a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht leis an margadh lena mbaineann a údarú, a rialú nó a choinníoll, agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ar an margadh sin agus maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfar teacht ar aon iomaíocht den sórt sin. Ar an mbonn sin, tá na rialacha sin de chineál a chumasóidh, mura n-eisiafar ón margadh sin aon ghnóthas iomaíoch, fiú amháin chomh héifeachtach céanna, teorainn a chur, ar a laghad, le dearadh agus margú comórtas malartach nó comórtas nua de bhua a bhformáide nó a n-ábhair. Agus é sin á dhéanamh acu, tá siad den sórt sin freisin chun aon deis a bhaint de chlubanna sacair ghairmiúil agus d'imreoirí páirt a ghlacadh sna comórtais sin, cé go bhféadfaidís, mar shampla, formáid nuálach a thairiscint, agus prionsabail, luachanna agus rialacha an chluiche atá mar bhonn leis an spórt sin á n-urramú ag an am céanna. I mbeagán focal, baineann siad an deis den lucht féachana agus de na breathnóirí teilifíse freastal ar na comórtais sin nó féachaint orthu.

- 177 Ina theannta sin, a mhéid a ghabhann leis na rialacha maidir le húdarú roimh ré do chomórtais sacair idirnáisiúnta idirclub rialacha a bhaineann le rannpháirtíocht clubanna sacair ghairmiúil agus na himreoirí sna comórtais sin agus leis na pionóis a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an rannpháirtíocht sin, ba cheart a lua go bhfuil na rialacha sin ar bhealach soiléir lena dtreiseofar an cuspóir frithiomaíoch a bhaineann le haon sásra réamhúdaraithe nach bhfuil faoi réir teorainneacha, oibleagáidí agus rialaithe lena bhféadfaí a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, beacht agus neamh-idirdhealaitheach. Neartaíonn siad an bhacainn ar dhul isteach a eascraíonn as sásra den sórt sin, trí chosc a chur ar aon ghnóthas a eagraíonn iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile úsáid éifeachtach a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ar an margadh, eadhon clubanna agus gníomhaithe a nochtann iad féin, i gcás rannpháirtíocht in iomaíocht nach bhfuil údarú faighte aige roimh ré ó FIFA agus UEFA, do phionóis nach bhfuil, mar a luadh i mír 148 den bhreithiúnas seo, imscríofa ag aon chritéar substainteach ná ag aon rialacha nós imeachta lena bhféadfaí a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, beacht, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.
- 178 Ar na cúiseanna sin go léir, ní mór a mheas, i gcás nach gcuirtear teorainn leo le critéir shubstainteacha agus le rialacha nós imeachta a d'fhéadfadh a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, beacht, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach, amhail iad siúd dá dtagraítear i mír 151 den bhreithiúnas seo, go bhfuil leibhéal leordhóthanach dochair don iomaíocht ag rialacha maidir le réamhúdarú, rannpháirtíocht agus pionóis amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad ceaptha iomaíocht a chosc. Dá bhrí sin, tagann siad faoi raon feidhme an toirmisc a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE, gan aon ghá lena éifeachtaí iarbhir nó féideartha a scrúdú.
- 179 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist nach mór Airteagal 101(1) CFAE a léiriú sa chaoi is go gciallaíonn sé gurb é cinneadh ó chomhlachas gnóthas arb é is cuspóir dó iomaíocht a chosc é rialacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme, go díreach nó trí na comhlachais sacair náisiúnta ar comhaltaí den chomhlachas sin iad, lena gcuirtear cruthú rialacha laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, maidir le comórtas nua sacair idirclub ag gnóthas tríú páirtí faoi réir a réamhúdaraithe, agus lena rialaítear rannpháirtíocht clubanna sacair ghairmiúil agus na himreoirí i gcomórtas den sórt sin, faoi phian smachtbhannaí,

gan na cumhachtaí éagsúla sin a theorannú le critéir shubstainteacha agus le rialacha nós imeachta a d'fhéadfadh a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.

3. An tríú ceist, maidir le léiriú Airteagal 101(1) agus Airteagal 102 CFAE i gcás iompair arb é atá ann bagairt pionóis a fhorchur ar chlubanna agus ar lúthchleasaithe a ghlacann páirt i gcomórtais neamhúdaraíthe

180 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 101(1) agus Airteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi gur cinneadh ó chomhlachas gnóthas de chineál frithiomaíoch nó gur mí-úsáid ceannasachta é go bhfógróidh eintitis amhail FIFA agus UEFA go poiblí go bhforchuirfear pionóis ar aon chlub sacair ghairmiúil agus ar aon imreoir atá rannpháirteach i gcomórtas sacair idirclub nach bhfuil údarú faighte aige roimh ré, i gcás nach bhfuil na pionóis sin faoi réir critéir shubstainteacha agus rialacha nós imeachta lena bhféadfaí a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.

181 I bhfianaise na bhfreagraí a tugadh ar an dá cheist roimhe seo, agus go sonrach i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 148 agus 177 den bhreithiúnas seo, as a leanann gurb ionann fógra poiblí den sórt sin agus cur chun feidhme rialacha atá contrártha d'Airteagal 102 CFAE agus d'Airteagal 101(1) CFAE araon agus, dá bhrí sin, go dtagann sé freisin faoi na toirmisc a leagtar síos leis an dá fhoráil sin, ní gá an cheist seo a fhreagairt go neamhspleách.

4. An cúigiú ceist, maidir leis an bhféidearthacht rialacha a dhlísteanú a bhaineann le réamhúdarú comórtas agus rannpháirtíocht clubanna agus lúthchleasaithe sna comórtais sin

182 Lena cúigiú ceist, nach mór déileáil léi roimh an gceathrú ceist a mhéid a bhaineann sé leis na rialacha céanna FIFA agus UEFA leis na rialacha dá dtagraítear sa chéad trí cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 101(3) CFAE agus cásdlí na Cúirte a bhaineann le hAirteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi go bhféadfadh na rialacha sin faoina bhfuil comhlachais atá freagrach as sacar ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal Eorpach, agus a dhéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla atá nasctha le heagrú comórtas ag an am céanna, cruthú comórtas sacair idirclub ag tríú páirtí ar chríoch an Aontais Eorpaigh a chur faoi réir a n-údaraithe roimh ré, agus rannpháirtíocht clubanna sacair ghairmiúil agus na himreoirí i gcomórtais den sórt sin a rialú, ar phian pionóis, leas a bhaint as díolúine nó a mheas go bhfuil bonn cirt leo.

(a) An fhéidearthacht iompar sonrach áirithe a mheas mar iompar a thagann lasmuigh d'Airteagal 101(1) agus d'Airteagal 102 CFAE

183 Is léir ó chásdlí socair na Cúirte nach gá go dtiocfadh aon chomhaontú idir gnóthais nó aon chinneadh ag comhlachas gnóthas lena gcuirtear teorainn le saoirse caingne gnóthas ar páirtithe iad sa chomhaontú sin nó atá faoi réir chomhlíonadh an chinnidh sin faoi raon feidhme an toirmisc a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE. Má scrúdaítear comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil roinnt de na comhaontuithe sin agus cinntí áirithe, d'fhéadfaí a chinneadh, ar an gcéad dul síos, go bhfuil údar leo trí chuspóir dlisteanach amháin nó níos mó a shaothrú ar mhaithe le leas an phobail nach de chineál frithiomaíoch iontu féin iad, ar an dara dul síos, go bhfuil fíorghá

leis na modhanna sonracha a úsáidtear chun na cuspóirí sin a shaothrú chun na críche sin agus, ar an tríú dul síos, fiú má tharlaíonn sé go bhfuil an éifeacht bhunúsach ag na modhanna sin an iomaíocht a shrianadh nó a shaobhadh, ar a laghad, nach dtéann an éifeacht bhunúsach sin thar a bhfuil riachtanach, go háirithe tríd an iomaíocht uile a dhíothú. Féadfaidh feidhm a bheith ag an gcásdlí sin, go háirithe, i gcás comhaontuithe nó cinntí i bhfoirm rialacha arna nglacadh ag comhlachas amhail comhlachas trádála nó spóirt, chun cuspóirí áirithe eiticiúla nó dualeolaíochta a shaothrú agus, ar bhonn níos leithne, chun saothrú gníomhaíochta gairmiúla a rialáil, má léiríonn an comhlachas lena mbaineann go gcomhlíontar na coinníollacha a luaitear go díreach (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Feabhra 2002, *Wouters agus páirtithe eile*, C-309/99, EU:C:2002:98, mír 97; an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen v an Coimisiún*, C-519/04 P, EU:C:2006:492, míreanna 42 go 48, agus an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, míreanna 93, 96 agus 97).

- 184 Go sonrach, i réimse an spóirt, thug an Chúirt dá haire, i bhfianaise na faisnéise a bhí ar fáil di, nach dtagann na rialacha frithdhópála arna nglacadh ag an gCoiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha (CICO) faoi raon feidhme an toirmisc a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE, cé go gcuireann siad teorainn le saoirse gníomhaíochta lúthchleasaithe agus go bhfuil an éifeacht bhunúsach acu iomaíocht fhéideartha eatarthu a shrianadh trí thairseach a shainiú arb ionann láithreach nandróilín agus dópáil, chun cothroime, ionracas agus oibiachtúlacht an spóirt iomaíoch a áirithiú do lúthchleasaithe, a sláinte a chosaint agus seasamh leis na luachanna eiticiúla i gcoirílár an spóirt, lena n-áirítear an tuillteanas (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen v an Coimisiún*, C-519/04 P, EU:C:2006:492, míreanna 43 go 55).
- 185 Mar sin féin, níl feidhm ag an gcásdlí dá dtagraítear i mír 183 den bhreithiúnas seo i gcásanna a bhaineann le hiompar, is cuma cé acu a thionscnaíonn sé nó nach dtionscnaíonn sé ó chomhlachas den sórt sin agus is cuma cé acu a bhféadfaí a bheith ag brath ar chuspóirí dlisteanacha ar mhaithe le leas an phobail, a sáraíonn Airteagal 102 CFAE, mar atá, ina theannta sin, go hintuigthe cheana féin ach go riachtanach, ó chásdlí na Cúirte (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, mír 53).
- 186 Ós rud é, ar thaobh amháin, nach bhfuil an easpa intinn shuibhachtúil chun iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh agus saothrú cuspóirí a d'fhéadfadh a bheith dlisteanach cinntitheach chun críocha Airteagal 101(1) CFAE a chur i bhfeidhm agus, ar an taobh eile, nach mór Airteagail 101 agus 102 CFAE a léiriú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, ní mór a mheas nach féidir feidhm a bheith ag an gcásdlí dá dtagraítear i mír 183 den bhreithiúnas seo i gcás iompar nach bhfuil ach 'éifeacht bhunúsach' aige srian a chur ar an iomaíocht, ar a laghad, trí shrian a chur le saoirse gníomhaíochta gnóthas áirithe, rud a léiríonn, maidir leis an iomaíocht sin, méid díobhála a thugann le tuiscint gurb é 'an éifeacht' atá acu ná srian a chur le cosc, srianadh nó saobhadh gnóthas áirithe. Dá bhrí sin, ní gá a chinneadh, ina dhiaidh sin, an bhféadfadh an t-iompar sin teacht faoi raon feidhme an chásdlí sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, mír 69; an 4 Meán Fómhair 2014, *API agus páirtithe eile*, C-184/13 go C-187/13, C-194/13, C-195/13 agus C-208/13, EU:C:2014:2147, mír 49, agus an 23 Samhain 2017, *CHEZ Elektro Bulgaria agus FrontEx International*, C-427/16 agus C-428/16, EU:C:2017:890, míreanna 51, 53, 56 agus 57).

- 187 Maidir le hiompar arb é is cuspóir dó iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, is de bhun Airteagal 101(3) CFAE amháin atá sé, dá bhrí sin, agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar síos san fhoráil sin go bhféadfar díolúine ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE a dheonú di (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Samhain 2008, *Beef Industry Development Society agus Barry Brothers*, C-209/07, EU:C:2008:643, mír 21).
- 188 Sa chás seo, i bhfianaise na ráiteas san ordú tarchuir agus na bhfreagraí a thug an Chúirt i bhfianaise na ráiteas sin ar na chéad trí cheist a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur, ní mór a mheas nach bhfuil an cásdlí dá dtagraítear i mír 183 den bhreithiúnas seo infheidhme i gcás rialacha amhail na rialacha atá i gceist sna príomhimeachtaí.

(b) An díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 101(3) CFAE

- 189 Leanann ó fhoclaíocht Airteagal 101(3) CFAE go bhféadfadh aon chomhaontú, cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó cleachtas comhbheartaithe atá contrártha d'Airteagal 101(1) CFAE, cibé acu mar gheall ar a chuspóir nó a éifeacht fhrithiomaíoch, tairbhiú de dhíolúine má chomhlíonann sé na coinníollacha uile a leagtar síos chun na críche sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 1985, *Remia agus páirtithe eile v an Coimisiún*, 42/84, EU:C:1985:327, mír 38, agus an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 230), ag coimeád i gcuimhne dóibh go bhfuil na coinníollacha sin níos déine ná na coinníollacha dá dtagraítear i mír 183 den bhreithiúnas seo.
- 190 I gcomhréir le hAirteagal 101(3) CFAE, tá tairbhe na díolúine sin, i gcás ar leith, faoi réir ceithre choinníoll charnacha. Ar an gcéad dul síos, ní mór a shuíomh le leibhéal leordhóthanach dóchúlachta (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2009, *GlaxoSmithKline Services agus páirtithe eile v an Coimisiún agus páirtithe eile*, C-501/06 P, C-513/06 P, C-515/06 P agus C-519/06 P, EU:C:2009:610, mír 95), go gcaithfidh an comhaontú, an cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó an cleachtas comhbheartaithe i dtrácht a bheith in ann gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach trí rannchuidiú le feabhas a chur ar tháirgeadh nó ar dháileadh na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann nó le dul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn. Ar an dara dul síos, ní mór a shuí, a mhéid céanna, go bhfuil cion cothrom den tairbhe a eascraíonn as na gnóthachain éifeachtúlachta sin forchoimeáda d'úsáideoirí. Ar an tríú dul síos, níor cheart don chomhaontú, don chinneadh ná don chleachtas atá i gceist srianta a fhorchur ar na gnóthais rannpháirteacha nach bhfuil fíor-riachtanach chun na gnóthachain éifeachtúlachta sin a bhaint amach. Ar an gceathrú dul síos, níor cheart go dtabharfadh an comhaontú, an cinneadh ná an cleachtas sin deis do na gnóthais rannpháirteacha deireadh a chur leis an iomaíocht éifeachtach uile i ndáil le cuid shubstantiúil de na táirgí nó na seirbhísí lena mbaineann.
- 191 Is faoin bpáirtí atá ag brath ar dhíolúine den sórt sin a léiriú, trí argóintí agus fianaise diongbháilte, go gcomhlíontar na coinníollacha uile is gá chun tairbhe a bhaint as (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 1985, *Remia agus páirtithe eile v an Coimisiún*, 42/84, EU:C:1985:327, mír 45, agus an 6 Deireadh Fómhair 2009, *GlaxoSmithKline Services agus páirtithe eile v an Coimisiún agus páirtithe eile*, C-501/06 P, C-513/06 P, C-515/06 P agus C-519/06 P, EU:C:2009:610, mír 82). I gcás ina gcuireann na hargóintí agus an fhianaise sin iallach ar an bpáirtí eile iad a bhréagnú go diongbháilte, is ceadmhach, in éagmais frisnéis den sórt sin, a chinneadh go bhfuil an dualgas cruthúnais ar an bpáirtí atá ag brath ar Airteagal 101(3) CFAE comhlíonta (féach, chuige sin, breithiúnais an 7 Eanáir 2004, *Aalborg Portland agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-204/00 P, C-205/00 P, C-211/00 P, C-213/00 P, C-217/00 P agus C-219/00 P, EU:C:2004:6, mír 79, agus an 6 Deireadh Fómhair 2009, *GlaxoSmithKline Services agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-501/06 P, C-513/06 P, C-515/06 P agus C-519/06 P, EU:C:2009:610, mír 83).

- 192 Go háirithe, maidir leis an gcéad choinníoll dá dtagraítear i mír 190 den bhreithiúnas seo, ní hionann na gnóthachain éifeachtúlachta nach mór a bheith indéanta leis an gcomhaontú, leis an gcinneadh a rinne comhlachas gnóthas nó leis an gcleachtas comhbheartaithe a bhaint amach ná aon bhuntáiste a dhíorthaíonn na gnóthais rannpháirteacha as an gcomhaontú, as an gcinneadh nó as an gcleachtas sin le linn a ngníomhaíochta eacnamaíche, ach sin amháin do na buntáistí oibiachtúla suntasacha a fhágann an comhaontú, an cinneadh nó an cleachtas sin, arna bhreithniú go sonrach, gur féidir iad a bhaint amach, sna hearnálacha nó sna margáí éagsúla lena mbaineann. Ina theannta sin, d'fhonn an chéad choinníoll sin a mheas mar chomhlíonadh, is gá ní hamháin réaltacht agus fairsinge na ngnóthachan éifeachtúlachta sin a shuí, ach a léiriú freisin gur de chineál iad chun na míbhuntáistí iomaíochta a eascraíonn as an gcomhaontú, as an gcinneadh nó as an gcleachtas i dtrácht a fhritháireamh (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Iúil 1966, *Consten agus Grundig v an Coimisiún*, 56/64 agus 58/64, EU:C:1966:41, leathanach 502, agus an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, míreanna 232, 234 agus 236, agus, de réir analaí, an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 43).
- 193 Maidir leis an dara coinníoll dá dtagraítear i mír 190 den bhreithiúnas seo, tá sé le suíomh an bhfuil tíochar dearfach ag na gnóthachain éifeachtúlachta a d'fhéadfaí a bhaint as an gcomhaontú, an gcinneadh ó chomhlachas gnóthas nó an gcleachtas comhbheartaithe ar gach úsáideoir, cibé acu gairmithe, tomhaltóirí idirmheánacha nó tomhaltóirí deiridh iad, ar na hearnálacha nó ar na margáí éagsúla lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnais an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax agus Administración del Estado*, C-238/05, EU:C:2006:734, mír 70, agus an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, míreanna 236 agus 242).
- 194 Dá bhrí sin, i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, i gcás ina bhfuil an t-iompar lena sáraítear Airteagal 101(1) CFAE frithiomaíoch mar chuspóir, is é sin le rá, go ndéanann sé díobháil leordhóthanach don iomaíocht, agus ina bhfuil sé, thairis sin, amhail go ndéanfaidh sé difear do chatagóirí éagsúla úsáideoirí nó tomhaltóirí, is gá a chinneadh an bhfuil éifeacht fhabhrach ag an iompar sin ar gach ceann díobh agus, má tá, a mhéid atá éifeacht fhabhrach aige ar gach ceann díobh.
- 195 I gcás na bpríomhimeachtaí, dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a mheas an bhfuil na rialacha maidir le réamhúdarú, rannpháirtíocht agus pionóis atá i gceist sna príomhimeachtaí de chineál a d'imreodh tionchar fabhach ar na catagóirí éagsúla 'úsáideoirí', amhail cumainn sacair náisiúnta, clubanna gairmiúla nó amaitéaracha, imreoirí gairmiúla nó amaitéaracha, imreoirí óga agus, ar bhonn níos leithne, tomhaltóirí, bídís ina lucht féachana nó ina mbreathnóirí teilifíse.
- 196 Mar sin féin, ba cheart a mheabhrú, cé go bhféadfadh sé go ndealraíonn sé go bhfuil na rialacha sin dlisteanach, i bprionsabal, trí rannchuidiú lena áirithiú go n-urramófar prionsabail, luachanna agus rialacha an chluiche is bun leis an sacar gairmiúil, go háirithe cineál oscailte agus fiúntais na gcomórtas lena mbaineann, agus trí chineál éigin athdháileadh bunaithe ar dhlúthpháirtíocht a áirithiú laistigh den sacar, ní dhéantar comhlachais a ghlac na rialacha sin a dhíolmhú ón oibleagáid comhlachais a bhfuil na rialacha sin glactha acu a bhunú, toisc go bhfuil cuspóirí den sórt sin ann, ar cuspóirí iad atá inmholta de réir mar is féidir, os comhair na cúirte a rinne an tarchur, go mbíonn gnóthachain éifeachtúlachta réadacha agus inchainníochtaithe mar thoradh ar shaothrú na gculpóirí sin, ar thaobh amháin, agus go bhfritháiríonn siad na míbhuntáistí a eascraíonn as na rialacha atá i gceist sna príomhimeachtaí i dtarmaí iomaíochta, ar an taobh eile.

- 197 Maidir leis an tríú coinníoll dá dtagraítear i mír 190 den bhreithiúnas seo, a bhaineann le cé acu atá nó nach bhfuil an t-iompar i dtrácht fíor-riachtanach nó riachtanach, baineann sé le measúnú agus comparáid a dhéanamh ar thionchar faoi seach an iompair sin agus ar na bearta malartacha atá beartaithe go hiarbhair, d'fhonn a chinneadh an féidir na gnóthachain éifeachtúlachta a bhfuiltear ag súil leo ón iompar sin a bhaint amach trí bhearta nach bhfuil chomh sriantach céanna ar an iomaíocht. Ar an taobh eile, ní féidir rogha a dhéanamh idir iompar den sórt sin agus bearta malartacha den sórt sin i gcás ina ndealraíonn sé nach bhfuil na bearta sin chomh sriantach céanna ar iomaíocht.
- 198 Maidir leis an gceathrú coinníoll dá dtagraítear i mír 190 den bhreithiúnas seo, is éard atá i gceist le fíorú ar chomhlíonadh an choinníll, i gcás ar leith, scrúdú a dhéanamh ar na tosca cainníochtúla agus cáilíochtúla ar saintréith iad d'fheidhmiú na hiomaíochta sna hearnálacha nó sna margaí lena mbaineann, d'fhonn a chinneadh an dtugann an comhaontú, an cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó an cleachtas combheartaithe atá i gceist deis do na gnóthais rannpháirteacha deireadh a chur leis an iomaíocht éifeachtach go léir i ndáil le cuid shubstaintiúil de na táirgí nó de na seirbhísí lena mbaineann. Go háirithe, i gcás ina ndéanann comhlachas gnóthas cinneadh nó comhaontú a bhfuil gnóthais tar éis aontú dó i dteannta a chéile, d'fhéadfadh an sciar mór den mhargadh atá i seilbh na ngnóthas sin a bheith, i measc imthosca ábhartha eile agus i gcomhthéacs anailís fhoriomlán ar na gnóthais sin, ina tháscaire ar an bhféidearthacht a thugann an cinneadh nó an comhaontú sin do na gnóthais rannpháirteacha, ag féachaint dá inneachar agus dá chuspóir nó dá éifeacht, deireadh a chur leis an iomaíocht éifeachtach uile, cúis lena n-eisiatar ann féin tairbhe na díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 101(3) CFAE. D'fhéadfadh sé gur imthoisc eile é cibé acu a fhágann nó nach bhfágann cinneadh nó comhaontú den sórt sin, agus deireadh á chur le cineál iomaíochta éifeachtaí nó bealach rochtana ar an margadh, daoine eile ann (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 1986, *Metro v an Coimisiún*, 75/84, EU:C:1986:399, míreanna 64, 65 agus 88).
- 199 Chun a chinneadh an gcomhlíontar an ceathrú coinníoll sin sa chás seo, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur a chur san áireamh, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil na rialacha maidir le réamhúdarú, rannpháirtíocht agus pionóis atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi rialú ag critéir shubstainteacha agus ag rialacha nós imeachta lena bhféadfaí a áirithiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, beacht agus neamh-idirdhealaitheach. Ní mór a mheas go bhfuil cás den sórt sin ann a chuirfeadh ar chumas na n-eintiteas a ghlac na rialacha sin cosc a chur ar an iomaíocht ar fad ar an margadh chun comórtais sacair idirclub a eagrú agus a mhargú ar chríoch an Aontais Eorpaigh.
- 200 Ar bhonn níos ginearálta, d'fhéadfadh sé gur ghá, chun scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha éagsúla dá dtagraítear i mír 190 thuas, aird a thabhairt ar shaintréithe agus ar ghnéithe sonracha na hearnála nó na margaí a bhaineann leis an gcomhaontú, leis an gcinneadh ó chomhlachas gnóthas nó leis an gcleachtas combheartaithe atá i gceist, má tá na saintréithe agus na sainiúlachtaí sin cinntitheach maidir le toradh an scrúdaithe sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2009, *GlaxoSmithKline Services agus páirtithe eile v an Coimisiún agus páirtithe eile*, C-501/06 P, C-513/06 P, C-515/06 P agus C-519/06 P, EU:C:2009:610, mír 103, agus an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 236).

(c) Réasúnú oibiachtúil i bhfianaise Airteagal 102 CFAE

- 201 I gcomhréir leis an méid dá bhforáiltear in Airteagal 101(3) CFAE, leanann sé ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais a bhaineann le hAirteagal 102 CFAE go bhféadfadh gnóthas a bhfuil ceannasacht aige údar a thabhairt le hiompar a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme an toirmisc a leagtar síos san Airteagal sin (breithiúnais an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 40, agus an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, mír 46).
- 202 Go háirithe, féadfaidh gnóthas den sórt sin a léiriú, chuige sin, go bhfuil gá lena iompar go hoibiachtúil nó go bhféadfaí an éifeacht eisiatach a ghabhann leis a fhrithchothromú, nó fiú níos mó ná é a fhrithchothromú, le gnóthachain éifeachtúlachta a théann chun tairbhe tomhaltóirí freisin (breithiúnais an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 41, agus an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, míreanna 46 agus 86).
- 203 Maidir leis an gcéad chuid den rogha mhalartach sin, leanann sé ó mhír 147 den bhreithiúnas seo nach féidir tabhairt isteach rialacha lánroghnacha, ag FIFA agus UEFA, maidir le réamhúdarú comórtas idirnáisiúnta sacair idirclub, rialú rannpháirtíocht clubanna agus imreoirí sna comórtais sin agus forchur pionós a mheas in aon chás, ag féachaint go sonrach don chineál lánroghnach sin, go bhfuil údar oibiachtúil leis an tabhairt isteach sin le ceanglais theicniúla nó tráchtála, murab ionann agus an cás dá rialófaí na rialacha sin le critéir shubstainteacha agus le rialacha nós imeachta lena gcomhlíontar ceanglais na trédhearcachta, na soiléireachta, an bheachtais, na neodrachta agus na comhréireachta a bhfuil feidhm acu sa réimse sin. Dá réir sin, ní mór a mheas go bhfuil sé d'aidhm ag na rialacha, na rialuithe agus na pionóis sin, ó thaobh oibiachtúil de, eagrú aon iomaíochta den chineál sin a fhorchoimeád do na heintitis sin, agus an baol ann deireadh a chur leis an iomaíocht ar fad ó thríú gnóthas, agus mar thoradh air sin gurb ionann iompar den sórt sin agus mí-úsáid ceannasachta a thoirmissctear le hAirteagal 102 CFAE agus nach bhfuil údar leis de bharr riachtanas oibiachtúil.
- 204 Maidir leis an dara cuid den rogha mhalartach sin, is faoin ngnóthas a bhfuil ceannasacht aige a léiriú, ar an gcéad dul síos, go bhféadfadh a iompar a bheith in ann gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach, trí réaltacht agus méid na ngnóthachan sin a shuí, ar an dara dul síos, go gcuireann na gnóthachain éifeachtúlachta sin ar neamhní na héifeachtaí díobhálacha is dócha a bheadh ag an iompar sin ar an iomaíocht agus ar leasanna tomhaltóirí ar an margadh nó ar na margáí ábhartha, ar an tríú dul síos, go bhfuil an t-iompar sin fíor-riachtanach chun na gnóthachain éifeachtúlachta sin a bhaint amach agus, ar an gceathrú dul síos, nach gcuireann sé deireadh le hiomaíocht éifeachtach trí na foinsí iomaíochta iarbhir nó féideartha go léir nó an chuid is mó díobh a bhaint (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 42).
- 205 Ar an gcaoi chéanna leis an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 101(3) CFAE, ceanglaítear leis an réasúnú sin go léireoidh an gnóthas atá ag brath air, trí bhíthin argóintí agus fianaise diongbháilte, go gcomhlíontar na coinníollacha uile is gá chun tairbhe a bhaint as.
- 206 Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a rialú an gcomhlíonann na rialacha atá i gceist sna príomhimeachtaí na coinníollacha uile lena gcumasaítear iad a mheas mar rialacha a bhfuil údar leo i bhfianaise Airteagal 102 CFAE, tar éis di a chur ar chumas na bpáirtithe a ndualgas cruthúnais a chomhlíonadh, mar a mheabhraítear i mír 191 den bhreithiúnas seo.

- 207 Mar sin féin, ní mór a urramú, maidir leis an gceathrú ceann de na coinníollacha sin, atá infheidhme i gcomhthéacs Airteagal 101(3) agus in Airteagal 102 CFAE araon, i bhfianaise chineál na rialacha sin – lena gcúirtear eagrú agus margú aon chomórtais sacair idirclub ar chríoch an Aontais Eorpaigh faoi réir údarú roimh ré ó FIFA agus UEFA gan critéir shubstainteacha iomchuí agus rialacha nós imeachta iomchuí a bheith ag gabháil leis an gcumhacht sin – agus maidir leis an gceannasacht, fiú monaplacht, atá, mar a léiríonn an chúirt a rinne an tarchur, faoi úinéireacht an dá eintiteas sin ar an margadh lena mbaineann, ní mór a chinneadh go dtugann na rialacha sin deis do na heintitis sin cosc a chur ar an iomaíocht ar fad ar an margadh sin, mar a luaitear i mír 199 den bhreithiúnas seo.
- 208 Ina theannta sin, ní mór a mheabhrú gur leor mainneachtain ceann amháin de na ceithre choinníoll charnacha dá dtagraítear i míreanna 190 agus 204 den bhreithiúnas seo a chomhlíonadh chun cosc a chur ar rialacha amhail na rialacha atá i gceist sna príomhimeachtaí ó thairbhe a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 101(3) CFAE nó má mheastar go bhfuil údar maith leo i bhfianaise Airteagal 102 CFAE.
- 209 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcúigiú ceist nach mór Airteagal 101(3) agus Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi is nach bhféadfadh rialacha faoina bhfuil comhlachais atá freagrach as sacar ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal Eorpach, agus a dhéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla atá nasctha le heagrú comórtas ag an am céanna, a chruthaíonn, laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, comórtais sacair idirclub ag gnóthas tríú páirtí faoi réir a n-údaraithe roimh ré, agus rannpháirtíocht clubanna sacair ghairmiúil agus imreoirí i gcomórtais den sórt sin a rialú, faoi réir smachtbhannaí, tairbhe a bhaint as díolúine ó chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE nó a mheas go bhfuil údar maith leis faoi Airteagal 102 CFAE ach amháin má léirítear, trí argóintí diongbháilte agus trí fhianaise dhiongbháilte, go gcomhlíontar na coinníollacha uile is gá chun na gcríoch sin.

5. An ceathrú ceist, a bhaineann le léiriú Airteagail 101 agus 102 CFAE i gcás ina bhfuil rialacha maidir le cearta i gcomórtais spóirt

- 210 Lena ceathrú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagail 101 agus 102 CFAE le léiriú mar chosc ar rialacha arna leagan síos ag comhlachais sacair ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal Eorpach agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla a bhaineann le heagrú comórtas á ndéanamh acu, lena n-ainmnítear, ar an gcéad dul síos, na comhlachais sin mar shealbhóirí bunaidh na gceart uile a d'fhéadfadh teacht as comórtais a thagann faoina 'dlínse', lena n-áirítear na cearta a bhaineann le comórtas arna eagrú ag tríú gnóthas, agus lena dtugtar, ar an dara dul síos, cumhacht eisiach do na comhlachais sin maidir leis na cearta sin a mhargú.
- 211 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ina mbarúlacha i scríbhinn agus ó bhéal os comhair na Cúirte, gur áitigh FIFA agus UEFA nach mór rialacha dhlí príobháideach na hEilvéise dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur – agus go háirithe Airteagal 67(1) agus Airteagal 68(1) de Reachtanna FIFA – a thuiscint, a mhéid a bhaineann siad leis na cearta a d'fhéadfadh eascairt as comórtais, cluichí agus imeachtaí eile a thagann faoi 'dhlínse' FIFA agus UEFA, sa mhéid is nach bhfuil siad infheidhme maidir le gach comórtas a thagann faoi dhlínse chríochach agus cumhachtaí faoi seach an dá eintiteas sin, ach amháin maidir le comórtais a eagraíonn na heintitis sin, ina measc, d'eisiamh na gcomórtas sin a d'fhéadfadh eintitis nó gnóthais tríú páirtí a eagrú. De réir a léirithe féin ar na rialacha sin, ní féidir le FIFA agus UEFA, dá bhrí sin, a éileamh gur sealbhóirí na gceart a d'fhéadfadh eascairt as comórtais arna n-eagrú ag eintitis nó gnóthais tríú páirtí den sórt sin iad.

212 Sna himthosca sin, agus é á thabhairt faoi deara, mar a rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ag an éisteacht os comhair na Cúirte, go bhféadfaí na rialacha atá i gceist sna príomhimeachtaí a thuiscint ar bhealach eile i bhfianaise na mbríonna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith leis an téarma 'cúirt nó binse', agus go mbainfeadh na rialacha sin tairbhe as a leasú dá bhrí sin chun deireadh a chur le haon débhríocht a d'fhéadfadh a bheith ann ina leith sin, freagróidh an Chúirt an cheist seo tríd an léiriú dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a mheas mar réamhleagan agus tríd an nasc comhlántachta idir na rialacha atá i gceist agus na rialacha maidir le réamhúdarú, rannpháirtíocht agus pionóis is ábhar do na ceisteanna roimhe seo a chur san áireamh. Dá bhrí sin, tá freagra den sórt sin gan dochar don fhreagra a d'fhéadfaí a thabhairt ar an gceist ar leithligh an gcuireann Airteagail 101 agus 102 CFAE bac ar rialacha trína n-ainmníonn eintiteas amhail FIFA féin é féin nó trína n-ainmníonn sé eintiteas amhail UEFA mar shealbhóirí bunaidh na gceart uile a d'fhéadfadh eascairt as comórtais a eagraíonn eintitis nó gnóthais tríú páirtí cé go dtagann siad faoina ndlínse chríochach agus faoina gcumhachtaí faoi seach.

(a) Sealbhú ceart a bhaineann le comórtais spóirt

